EBA/GL/2025/01

8 Eanáir 2025

# Treoirlínte maidir le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a bhainistiú

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 [1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 03.06.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2025/01' orthu. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear sna treoirlínte seo socruithe láidre rialachais nach mór d'institiúidí a bheith i bhfeidhm acu i gcomhréir le hAirteagal 87a(1) agus le hAirteagal 74 de Threoir 2013/36/AE[2], agus cumhdaítear leo:

   (a) íoschaighdeáin agus modheolaíochtaí tagartha chun rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 87a(5)a) den Treoir sin;

   (b) critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla chun measúnú a dhéanamh ar thionchar rioscaí ESG ar an bpróifíl riosca agus ar shócmhainneacht d'institiúidí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i gcomhréir le hAirteagal 87a(5)c) den Treoir sin;

   (c) ábhar na bpleananna atá le hullmhú ag an gcomhlacht bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Treoir sin, lena n-áireofar amlínte sonracha chomh maith le spriocanna agus garspriocanna idirmheánacha inchainníochtaithe, chun faireachán a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as tosca ESG agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an bpróiseas coigeartaithe agus as na treochtaí aistrithe chun cuspóirí rialála na mBallstát ábhartha agus an Aontais a bhaint amach i ndáil le tosca ESG, go háirithe an cuspóir maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, mar aon le cuspóirí dlí agus rialála de thríú tíortha, i gcás inarb ábhartha d'institiúidí gníomhacha idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 87a(5)b) den Treoir sin.

6. Sna treoirlínte seo, tugtar aghaidh ar phróisis bhainistithe riosca ESG na n-institiúidí mar chuid dá gcreat bainistithe riosca níos leithne. Tá feidhm acu maidir leis na straitéisí, na beartais, na próisis agus na córais stóinsithe chun rioscaí ESG a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a bheidh ag institiúidí atá faoi réir Threoir 2013/36/AE mar chuid dá socruithe láidre rialachais lena n-áirítear an creat bainistithe riosca a cheanglaítear faoi Airteagal 74(1) de Threoir 2013/36/AE. Comhlánaítear leis na treoirlínte seo freisin na Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas

[2] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuama ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena naisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

inmheánach[3] agus na Treoirlínte ÚBE maidir le tionscnamh iasachta agus faireachán[4] i ndáil le rioscaí ESG a bhainistiú agus tugtar sonraí breise i ndáil leis sin chomh maith.

7. Ba cheart d'údaráis inniúla agus d'institiúidí na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an leibhéal cur i bhfeidhm atá leagtha amach in Airteagal 109 de Threoir 2013/36/AE.

## Seolaithe

8. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) pointe (i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar institiúidí iad freisin i gcomhréir le hAirteagal 4(1) pointe 3 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[5].

## Sainmhínithe

9. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sna treoirlínte seo.

# 3. Cur chun feidhme

## Dáta cur i bhfeidhm

10. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hinstitiúidí nach institiúidí beaga agus neamhchasta iad amhail ón 11 Eanáir 2026. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hinstitiúidí beaga agus neamhchasta amhail ón 11 Eanáir 2027 ar a dhéanaí.

[3] Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE, (EBA/GL/2021/05)
[4] Treoirlínte ÚBE maidir le tionscnaimh iasachta agus faireachán (EBA/GL/2020/06)
[5] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

# 4. Modheolaíocht tagartha chun rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas

**4.**

## 4.1 Measúnú ábharthachta

11. Mar chuid den mhodheolaíocht tagartha á húsáid ag institiúidí chun rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas, atá le cur san áireamh ina straitéisí agus ina nósanna imeachta inmheánacha ba cheart d’institiúidí foráil a dhéanamh go gcuirfí measúnú ábharthachta ar rioscaí ESG i gcrích go rialta. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh gach bliain ar a laghad nó, i gcás institiúidí beaga agus neamhchasta (SNCInna), gach dhá bhliain. Ba cheart d’institiúidí, lena n-áirítear SNCInna, a measúnú a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ní ba mhinice, áfach, i gcás athrú ábhartha ar a dtimpeallacht ghnó a bhaineann le tosca ESG, amhail beartais phoiblí nua shuntasacha nó athruithe ar shamhail ghnó, ar phunanna nó ar oibríochtaí na hinstitiúide.

12. Ba cheart an measúnú ábharthachta ar rioscaí ESG a dhéanamh mar mheasúnú a bhaineann go sonrach le hinstitiúid lena dtabharfar léargas don institiúid ar ábharthacht airgeadais rioscaí ESG dá samhail ghnó agus dá próifíl riosca, agus mapáil ar fhachtóirí ESG agus ar bhealaí tarchurtha chuig catagóirí riosca airgeadais traidisiúnta ag gabháil leis mar thaca leis. Ba cheart go mbeadh an measúnú ábharthachta ar rioscaí ESG comhsheasmhach le measúnuithe ábharthachta eile arna ndéanamh ag an institiúid, go háirithe iad siúd a dhéantar chun rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha a nochtadh i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE[6] agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún[7], i gcás inarb infheidhme, agus ba cheart é a chomhtháthú isteach i measúnú ábharthachta ar an bpróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP).

13. Ba cheart go n-úsáidfí sa mheasúnú ábharthachta ar rioscaí ESG cur chuige rioscabhunaithe lena gcuirtear san áireamh an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí agus an méid a d’fhéadfadh a bheith i gceist le héifeachtaí airgeadais rioscaí ESG sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus thar thréimhse fhadtéarmach deich mbliana ar a laghad.

14. D’fhonn measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar ábharthacht rioscaí ESG, ba cheart d’institiúidí a áirithiú go léireofaí go leordhóthanach sa raon feidhme dá measúnú ábharthachta cineál, méid agus castacht dá gníomhaíochtaí, dá punanna, dá seirbhísí agus dá táirgí. Ba cheart

[6] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29/06/2013, lch. 19).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023).

d'institiúidí tionchar na rioscaí ESG ar na catagóirí riosca airgeadais traidisiúnta go léir a bhfuil siad neamhchosanta orthu a mheas, lena n-áirítear rioscaí creidmheasa, rioscaí margaidh, rioscaí leachtachta, rioscaí oibríochtúla (lena n-áirítear dlíthíocht), rioscaí clú, rioscaí maidir le samhail ghnó agus rioscaí comhchruinnithe. Agus rioscaí ábhartha ESG á gcinneadh, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar chatagóirí riosca airgeadais chomh maith le breithniú a dhéanamh ar mhéideanna agus/nó ar scaireanna neamhchosaintí, ioncaim agus brabús atá neamhchosanta ar na rioscaí.

15. Maidir leis an measúnú ábharthachta ar rioscaí comhshaoil, ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar raon feidhme sách mór d'fhachtóirí comhshaoil, ina measc, ar a laghad, fachtóirí a bhaineann leis an aeráid, díghrádú na n-éiceachóras agus caillteanas na bithéagsúlachta. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar spreagaithe riosca a bhaineann le haistriú agus ar spreagaithe riosca fisiceacha araon, agus an méid seo a leanas ar a laghad á chur san áireamh:

    a) I gcás rioscaí a bhaineann le haistriú:

        i. na príomhearnálacha eacnamaíocha a dtacaíonn na sócmhainní maoinithe leo nó ina bhfuil a phríomhghníomhaíochtaí ag contrapháirtí na hinstitiúide;

        ii. athruithe ábhartha leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar bheartais phoiblí, ar theicneolaíochtaí agus ar thosaíochtaí margaidh (e.g. rialacháin chomhshaoil nua nó dreasachtaí cánach nua, teicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha a fhorbairt, athruithe ar éileamh tomhaltóirí nó infheisteoirí);

        iii. maidir le rioscaí a bhaineann leis an aeráid:

            1. neamhchosaintí ar earnálacha a chuireann go mór leis an athrú aeráide mar a shonraítear in Aithris 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún i.e. na hearnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus i Roinn L d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006[8], agus aird ar leith á tabhairt ar neamhchosaintí ar eintitis san earnáil um breosla iontaise;

            2. méid ailínithe nó mí-ailínithe na bpunann a bhfuil na cuspóirí rialála ábhartha de na dlínsí ina n-oibríonn siad acu – do SNCInna agus d'institiúidí neamh-mhóra eile ar bhonn measúnú cáilíochtúil ardleibhéil ar a laghad;

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 03.12.2020, lch. 17) – Rialachán maidir le Caighdeáin um Thagarmharcanna Aeráide – Aithris 6: Na hearnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus i Roinn L d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006

b) Maidir le rioscaí fisiceacha:

i. na limistéir gheografacha ina bhfuil na príomhshócmhainní de chontrapháirtithe (e.g. láithreáin táirgthe) agus, go háirithe i gcás neamhchosaintí ar eastát réadach, an chomhthaobhacht fhisiciúil suite;

ii. an leibhéal leochaileachta do ghuaiseacha comhshaoil (e.g. guaiseacha a bhaineann le teocht, guaiseacha a bhaineann leis an ngaoth, guaiseacha a bhaineann le huisce, guaiseacha a bhaineann le mais sholadach) maidir le cásanna aeráide éagsúla agus conairí trasdula nó, i gcás SNCInna agus institiúidí neamh-mhóra eile, maidir le cás díobhálach amháin ar a laghad.

16. Ba cheart d’institiúidí mar chuid dá ICAAP bunús a thabhairt lena measúnuithe ábharthachta ar rioscaí ESG, agus doiciméadú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus tairseacha a úsáidtear, ionchuir agus tosca a bhreithnítear agus na príomhthorthaí agus na conclúidí ar thángthas orthu, conclúidí neamhábharthachta ina measc.

17. Ba cheart d’institiúidí modhanna tomhais, socruithe bainistithe riosca agus próisis phleanála um aistriú a fhorbairt agus a chur chun feidhme, faoi seach de réir Roinn 4.2, Roinn 5 agus Roinn 6, atá i gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe ábharthachta agus atá bunaithe orthu. Chuige sin, ba cheart go mbeadh socruithe ní b’fhairsinge agus ní ba shofaisticiúla ag institiúidí le haghaidh rioscaí ESG sainaitheanta mar rioscaí ábhartha. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh modheolaíochtaí tomhais riosca ESG agus na méadrachtaí faireacháin riosca ESG arna n-úsáid ag na hinstitiúidí a bheith mar thaca le agus mar bhonn eolais do nuashonruithe rialta ar an measúnú ábharthachta. Féadfaidh institiúidí beaga a bhfuil gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh casta sin acu socruithe nach bhfuil chomh fairsing ná chomh sofaisticiúil sin a chur i bhfeidhm, ach ba cheart iad a bheith i gcomhréir le torthaí a measúnaithe ábharthachta ar rioscaí ESG.

## 4.2 Rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas

#### *4.2.1. Prionsabail ghinearálta*

18. Mar chuid de na híoschaighdeáin chun rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas, ba cheart go n-áireofaí i nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí uirlisí agus modheolaíochtaí chun spreagaithe riosca ESG a mheas chomh maith lena gcainéil tarchurtha isteach sna catagóirí éagsúla riosca stuamachta agus na méadrachtaí riosca airgeadais a théann i bhfeidhm ar neamhchosaintí na hinstitiúide a mheas, le dearcadh réamhbhreathnaitheach ina measc.

19. D’fhonn sainaithint agus bainistiú cuí rioscaí ESG a áirithiú, ba cheart d’institiúidí an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag na rioscaí sin sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a mheas. Ba cheart go gcuirfí san áireamh measúnú ábharthachta na n-institiúidí, mar aon lena méid agus lena gcastacht, i leibhéal gráinneachta agus cruinnis na bpointí sonraí, na n-uirlisí cainníochtaithe, na modhanna agus na dtáscairí arna n-úsáid ag institiúidí agus ba

cheart go mbeadh siad go ginearálta ní b'airde don ghearrthéarma agus don mheántéarma. Ba cheart dearcthaí ama fadtéarmacha a mheas ó thaobh na cáilíochta de ar a laghad agus ba cheart go mbeidís mar thaca le measúnuithe straitéiseacha agus le cinnteoireacht.

20. Maidir le rioscaí comhshaoil, ba cheart go gcuirfí le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí inmheánacha ar chumas institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a. rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chainníochtú, amhail trí mheastachán a dhéanamh ar na dóchúlachtaí go dtarlóidh siad agus méid na dtionchar airgeadais a eascraíonn as fachtóirí a bhaineann leis an aeráid;

    b. tuiscint cheart a fháil ar na rioscaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chineálacha eile rioscaí comhshaoil, amhail na rioscaí sin a eascraíonn as díghrádú an dúlra, lena n-áirítear caillteanas na bithéagsúlachta agus caillteanas na seirbhísí éiceachórais, nó gníomhaíochtaí a mhí-ailíniú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar thionchair dhiúltacha ar an dúlra a chosaint, a athbhunú, agus/nó a laghdú;

    c. eochairtháscairí riosca (KRInna) a bhunú lena gcumhdófar tréimhsí ama gearrthéarmacha agus meántéarmacha ar a laghad agus raon feidhme neamhchosaintí agus punann arna gcinneadh i gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe ábharthachta.

21. Maidir le rioscaí sóisialta agus rialachais, i gcás ina bhfuil faisnéis chainníochtúil in easnamh ar dtús, ba cheart go bhforálfaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí do mhodhanna a thosaíonn trí mheastóireacht cháilíochtúil a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí sin ar oibríochtaí na hinstitiúide, agus ar na rioscaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith os comhair na hinstitiúide, agus ba cheart go bhforbróidís bearta cáilíochtúla agus cainníochtúla ní b'fhorbartha de réir a chéile. Ba cheart d'institiúidí a gcur chuige a fheabhsú de réir a chéile i gcomhréir le hinfhaighteacht rialála, le hinfhaighteacht, le hinfhaighteacht sonraí agus le dul chun cinn modheolaíochta.

22. Maidir leis na hidirghníomhaíochtaí idir na catagóirí éagsúla, faoi seach, de rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, ba cheart go n-áiritheofaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí go ndéanfar measúnú ar gach catagóir riosca ar dtús agus a saintréithe sonracha á gcur san áireamh, sula mbreithneofar idirnaisc agus idirspleáchais fhéideartha i dtomhas na rioscaí sin.

#### *4.2.2. Próisis sonraí*

23. Ba cheart go bhforálfaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí do chórais fhónta bainistithe faisnéise a chur chun feidhme chun na sonraí is gá chun tacú le measúnú ar rioscaí ESG, le bainistiú de rioscaí ESG agus le faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG a shainaithint, a bhailiú, a struchtúrú agus a anailísiú. Ba cheart córais den sórt sin a chur chun feidhme ar fud na hinstitiúide mar chuid den rialachas sonraí foriomlán agus den bhonneagar TF. Ba cheart d'institiúidí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a gcleachtais lena chinntiú go bhfanfaidh siad

cothrom le dáta le forbairtí pobail (e.g. infhaighteacht mhéadaithe sonraí mar gheall ar thionscnaimh rialála) agus forbairtí sa mhargadh agus ba cheart socruithe a bheith i bhfeidhm acu chun cáilíocht sonraí a mheasúnú agus a fheabhsú.

24. Ba cheart go n-áiritheofaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí go mbaileoidh agus go n-úsáidfidh institiúidí an fhaisnéis is gá chun measúnú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar na rioscaí reatha agus réamhbhreathnaitheacha ESG a d’fhéadfaidís a bheith nochta dóibh trína gcontrapháirtithe, trí dhíriú ar shonraí ar leibhéal na gcliant agus na sócmhainní a bhailiú ar leibhéal gráinneach iomchuí.

25. Le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí, ba cheart go bhforbrófaí na sonraí ESG atá ar fáil go hinmheánach agus go seachtrach araon, lena n-áirítear trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe agus trí úsáid a bhaint aisti, go háirithe i gcomhréir leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta arna bhforbairt faoi Threoir 2013/36/AE nó caighdeán tuairiscithe deonaí d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide neamhliostaithe (FBManna) de réir Theachtaireacht COM (2023) 535 maidir leis an bPacáiste Fóirithinte do FBManna[9].

26. Ba cheart d’institiúidí a mheas cé na foinsí eile sonraí a thacódh go héifeachtach le measúnú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG, amhail faisnéis a fhaightear trí rannpháirtíocht le cliaint agus le contrapháirtithe mar chuid de chaidrimh ghnó nua agus reatha, nó sonraí tríú páirtí. Nuair a úsáideann institiúidí seirbhísí de chuid soláthraithe tríú páirtí chun rochtain a fháil ar shonraí ESG, ba cheart d’institiúidí a chinntiú go bhfuil tuiscint leordhóthanach acu ar na foinsí, na sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáideann soláthraithe sonraí, lena n-áirítear na teorainneacha a d’fhéadfadh a bheith i gceist leo.

27. Sa chás nach leor cáilíocht nó infhaighteacht sonraí ar dtús chun freastal ar riachtanais bainistithe riosca, ba cheart d’institiúidí na bearnaí sin agus na tionchair a d’fhéadfadh a bheith acu a mheas. Ba cheart d’institiúidí gníomhaíochtaí feabhsúcháin a ghlacadh agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as meastacháin nó as athróga ionadacha, e.g. bunaithe ar shaintréithe earnála agus/nó ar leibhéal réigiúnach agus, nuair is féidir, coigeartuithe a dhéanamh chun cuntas a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann go sonrach le contrapháirtí. Ba cheart d’institiúidí iarracht a dhéanamh úsáid as meastachán agus as athróga ionadacha a laghdú le himeacht ama de réir mar a thagann feabhas ar infhaighteacht agus cáilíocht sonraí ESG.

[9] COM (2023) 535 – Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pacáiste Fóirithinte do FBManna (COM(2023) 535 final).

28. I gcás contrapháirtithe móra corparáideacha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(4) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar na pointí sonraí seo a leanas a bhailiú nó a fháil, i gcás inarb infheidhme:

a. Maidir le rioscaí comhshaoil:

i. suíomh geografach na bpríomhshócmhainní (e.g. láithreáin táirgthe) agus nochtadh do ghuaiseacha comhshaoil (e.g. guaiseacha a bhaineann le teocht, guaiseacha a bhaineann leis an ngaoth, guaiseacha a bhaineann le huisce, guaiseacha a bhaineann le mais sholadach) ar an leibhéal gráinneachta is gá le haghaidh anailís riosca fhisiciúil iomchuí, agus infhaighteacht árachais;

ii. astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) atá ann faoi láthair agus, má tá siad ar fáil, de raon 1, 2 agus 3 atá spriocdhírithe i ndearbhluach agus, i gcás inarb ábhartha, i luach déine;

iii. spleáchas ar bhreoslaí iontaise, i dtéarmaí ionchur ó fhachtóirí eacnamaíocha nó i dtéarmaí boinn ioncaim;

iv. éileamh agus/nó tomhaltas fuinnimh agus uisce, i dtéarmaí ionchuir ó fhachtóirí eacnamaíocha nó i dtéarmaí boinn ioncaim;

v. leibhéal na héifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh neamhchosaintí ar eastát réadach agus cumas seirbhísithe fiachais an chontrapháirtí;

vi. na héifeachtaí airgeadais reatha agus réamh-mheasta a bhaineann le rioscaí agus deiseanna comhshaoil ar staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an chontrapháirtí;

vii. pleananna straitéiseacha a bhaineann le haistriú, lena n-áirítear plean aistrithe le haghaidh maolú ar an athrú aeráide arna nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 19a nó le hAirteagal 29a de Threoir (AE) 2022/2464, nuair atá siad ar fáil;

b. Maidir le rioscaí sóisialta agus rialachais:

i. ailíniú le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair;

ii. tionchair ábhartha dhiúltacha ar oibrithe dílse, ar oibrithe sa slabhra luacha, ar phobail lena mbaineann agus ar thomhaltóirí/úsáideoirí deiridh lena n-áirítear faisnéis faoi iarrachtaí nó próisis díchill chuí chun tionchair den sórt sin a sheachaint agus a leigheas.

29. Maidir le neamhchosaintí i leith cineálacha eile contrapháirtithe seachas corparáidí móra, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a. cinneadh a dhéanamh maidir leis na pointí sonraí is gá chun rioscaí ESG a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú, agus an liosta a chuirtear ar fáil i mír 28 mar thaca leis an measúnú sin á chur san áireamh;

    b. i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí, úsáid a bhaint as breithiúnas saineolaithe, as sonraí cáilíochtúla, as measúnuithe ar leibhéal punainne agus as athróga ionadacha i gcomhréir le mír 27.

#### *4.2.3. Príomhghnéithe na modheolaíochtaí tagartha chun rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas*

30. Ba cheart go bhforálfaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí do mheascán de mhodheolaíochtaí measúnaithe riosca, lena n-áirítear modheolaíochtaí atá bunaithe ar nochtadh, modheolaíochtaí atá bunaithe ar earnálacha, modheolaíochtaí atá bunaithe ar phunann agus modheolaíochtaí cásbhunaithe, mar a leagtar amach i míreanna 31 go 42. Ba cheart an meascán de mhodheolaíochtaí a chur le chéile ar bhealach lena gcuirtear ar chumas institiúidí measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar rioscaí ESG thar gach tréimhse ábhartha. Go háirithe, ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as modhanna atá bunaithe ar nochtadh ar a laghad chun léargas gearrthéarmach a fháil ar an gcaoi a bhfuil tionchar ar phróifíl riosca agus ar bhrabúsacht a gcontrapháirtithe ag rioscaí ESG, agus úsáid a bhaint as modhanna atá bunaithe ar earnáil, bunaithe ar phunann agus modhanna cásbhunaithe chun tacú leis an bpróiseas pleanála meántéarmach agus teorainneacha riosca agus inghlacthacht riosca a shainiú chun an institiúid a stiúradh i dtreo a cuspóirí straitéiseacha, agus measúnú a dhéanamh trí mhodhanna cásbhunaithe ar a n-íogaireachtaí maidir le rioscaí ESG thar thréimhsí éagsúla lena n-áirítear tréimhsí fadtéarmacha.

### a. Modhanna atá bunaithe ar nochtadh

31. Ar leibhéal bunaithe ar neamhchosaint, i gcomhréir leis na forálacha i míreanna 126 agus 146 de Threoirlínte ÚBE maidir le tionscnamh agus faireachán iasachta, ba cheart nósanna imeachta inmheánacha a bheith i bhfeidhm ag institiúidí chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint ghníomhaíochtaí agus phríomhshócmhainní a gcontrapháirtithe ar fhachtóirí ESG, go háirithe fachtóirí comhshaoil agus an tionchar atá ag athrú aeráide, agus oiriúnacht na ngníomhartha maolaithe. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí a áirithiú go léireofaí fachtóirí ESG, go háirithe fachtóirí comhshaoil, i gceart ina nósanna imeachta inmheánacha um aicmiú riosca, go gcuirfí san áireamh iad sa mheasúnú foriomlán ar riosca mainneachtana iasachtaí agus, i gcás ina bhfuil údar leis de bharr a n-ábharthachta, go mbeidís leabaithe sna táscairí riosca, sa scóráil creidmheasa inmheánach nó sna samhlacha rátála, agus sa luacháil comhthaobhachta chomh maith.

32. Maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil ar leibhéal neamhchosanta, ba cheart go n-áireofaí i nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí sraith fachtóirí riosca agus critéar lena ngabhtar spreagaithe riosca fisiceacha agus idirthréimhseacha araon. I gcás institiúidí móra, áirítear leis sin, i gcás inarb infheidhme, an méid seo a leanas ar a laghad:

    a) méid na leochaileachta do ghuaiseacha comhshaoil, agus suíomh geografach phríomhshócmhainní na gcontrapháirtithe agus na ráthóirí á gcur san áireamh, nó na comhthaobhachta fisiciúla a thacaíonn leis na neamhchosaintí á gcur san áireamh, agus breithniú á dhéanamh ar neamhchosaintí laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe;

    b) méid na leochaileachta do rioscaí aistrithe, agus forbairtí teicneolaíocha ábhartha á gcur san áireamh, tionchar na rialachán comhshaoil is infheidhme nó atá le teacht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'earnáil gníomhaíochta an chontrapháirtí, astaíochtaí GCT reatha agus más ann dóibh spriocdhírithe i dtéarmaí dearbhluacha agus, i gcás inarb ábhartha, luacha déine an chontrapháirtí, tionchar roghanna margaidh atá ag teacht chun cinn, agus leibhéal na héifeachtúlachta fuinnimh i gcás neamhchosaintí ar eastát réadach cónaithe nó tráchtála mar aon le cumas seirbhísithe fiachais na gcontrapháirtithe;

    c) neamhchosaint shamhail ghnó an chontrapháirtí agus/nó an tslabhra soláthair do shuaitheadh criticiúil mar gheall ar fhachtóirí comhshaoil amhail an tionchar ag caillteanas na bithéagsúlachta, strus uisce nó truailliú;

    d) neamhchosaint an chontrapháirtí ar rioscaí clú agus dlíthíochta agus cásanna dlíthíochta atá curtha i gcrích, ar feitheamh nó ar tí tarlú a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil á gcur san áireamh;

    e) aibíocht (pleanáilte) nó struchtúr téarma na neamhchosanta nó na sócmhainne;

    f) fachtóirí maolaithe riosca, amhail cumhdach árachais phríobháidigh nó phoiblí, mar shampla bunaithe ar scéimeanna tubaiste náisiúnta is infheidhme nó ar chreataí comhchosúla, agus cumas an chontrapháirtí athléimneacht i gcoinne rioscaí aistrithe agus fisiceacha a áirithiú lena n-áirítear trí phleanáil réamhbhreathnaitheach um aistriú.

33. Sa chás nach bhfuil na sonraí is gá chun measúnú a dhéanamh ar chritéir áirithe ar fáil go fóill, amhail i gcás contrapháirtithe corparáideacha níos lú, ba cheart d'institiúidí na céimeanna a leagtar amach i míreanna 26, 27 agus 29 a leanúint.

34. Maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí sóisialta agus rialachais ar leibhéal neamhchosanta, ba cheart d'institiúidí próisis díchill chuí a chur chun feidhme d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na tionchair airgeadais a eascraíonn as fachtóirí sóisialta agus rialachais agus ar leochaileacht shamhail ghnó na gcontrapháirtithe d'fhachtóirí sóisialta agus rialachais, agus comhlíonadh na gcontrapháirtithe corparáideacha le caighdeáin shóisialta agus rialachais

amhail na cinn a luaitear i mír 28 b(i) á chur san áireamh, chomh maith le neamhchosaint an chontrapháirtí ar riosca dlíthíochta arna spreagadh ag saincheisteanna sóisialta nó rialachais agus an reachtaíocht is infheidhme sa dlínse ina n-oibríonn an contrapháirtí á cur san áireamh.

## b. Modhanna ailínithe punainne bunaithe ar earnáil agus ar phunann

35. Ba cheart go bhforálfaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí do mhodheolaíochtaí bunaithe ar earnáil agus ar phunann, go háirithe léaráidí déine lena leagtar béim ar rioscaí ESG a bhaineann le (fo-)earnálacha eacnamaíocha aonair i gcairt nó ar chóras scálaithe dá dtagraítear i míreanna 127 agus 149 de Threoirlínte ÚBE maidir le tionscnamh agus faireachán iasachta. Ba cheart go gceadófaí le modheolaíochtaí institiúidí a bpunanna a mhapáil de réir spreagaithe riosca ESG agus aon chomhchruinniú a shainaithint i dtreo cineáil amháin nó ní ba mhó de rioscaí ESG.

36. Maidir le fachtóirí ESG nach bhfuil baint acu leis an aeráid, ba cheart d'institiúidí móra an méid seo a leanas a fhorbairt:

    a) modhanna chun earnálacha atá ag brath go mór ar sheirbhísí éiceachórais, nó a bhfuil tionchar suntasach acu orthu, a shainaithint, agus uirlisí chun an tionchar airgeadais atá ag an díghrádú dúlra a thomhas agus chun gníomhaíochtaí atá dírithe ar thionchair dhiúltacha ar an dúlra a chosaint, a athbhunú agus/nó a laghdú;

    b) cuir chuige maidir le tionchair dhearfacha nó dhíobhálacha a bpunann a thomhas maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí airgeadais gaolmhara a d'fhéadfadh tarlú.

37. Maidir le rioscaí a bhaineann leis an aeráid, ba cheart go bhforálfaí le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí go n-úsáidfí modheolaíocht ailínithe punainne amháin ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar bhonn earnála ar an méid ailínithe atá á dhéanamh ar phunanna na hinstitiúide le conairí a bhaineann leis an aeráid agus/nó le cásanna tagarmhairc. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh freisin ar mheasúnú a dhéanamh ar an ailíniú ar leibhéal contrapháirtí, e.g. trí dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa contrapháirtí ar leith a chur i gcomparáid le tagarmharc earnála is infheidhme.

38. Chun críocha mhír 37, ba cheart d'institiúidí cásanna a úsáid atá bunaithe ar an eolaíocht, atá ábhartha d'earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche agus do shuíomh geografach a neamhchosaintí, atá cothrom le dáta agus a eascraíonn ó eagraíochtaí náisiúnta, de chuid an Aontais nó idirnáisiúnta amhail gníomhaireachtaí comhshaoil náisiúnta, Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiún Eorpaigh, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, Líonra um Ghlasú an Chórais Airgeadais, an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide. Ba cheart go mbeadh conairí dícharbónaithe earnála comhsheasmhach leis an gcuspóir beartais is infheidhme, amhail cuspóir an Aontais astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050 agus astaíochtaí a laghdú 55 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990, nó le haon chuspóir náisiúnta i gcás inarb infheidhme.

39. Chun críocha mhír 37, ba cheart d'institiúidí raon feidhme iomchuí na measúnuithe ailínithe punainne a chinneadh chomh maith le méid sofaisticiúlachta na modheolaíochtaí a úsáidtear bunaithe ar shaintréithe a bpunann, ar thorthaí a measúnaithe ábharthachta agus ar a méid agus ar a gcastacht. Ba cheart d'institiúidí móra a bhfuil urrúis acu a thrádáiltear ar mhargadh rialáilte laistigh den Aontas liosta na n-earnálacha atá ar áireamh i dTeimpléad 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún a chur san áireamh [10]. Féadfaidh SNCInna agus institiúidí neamh-mhóra eile samplaí ionadaíocha neamhchosaintí ina bpunanna a úsáid chun measúnuithe ailínithe punainne a chur i gcrích.

40. Ba cheart d'institiúidí bunús a thabhairt lena roghanna modheolaíochta agus iad a dhoiciméadú, lena n-áirítear an cás/na cásanna agus an bhonnbhliain a roghnú, na hearnálacha a roghnú agus, i gcás SNCInna agus institiúidí neamh-mhóra eile, sampla ionadaíoch neamhchosaintí a shainaithint, chomh maith le haon athrú suntasach modheolaíochta le himeacht ama. Nuair a bhíonn na sonraí is gá chun ailíniú a thomhas ar iarraidh, ba cheart d'institiúidí na céimeanna a leagtar amach i mír 26, i mír 27 agus i mír 29 a leanúint.

41. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar léargais a fuarthas ó mhodheolaíochtaí ailínithe punainne aeráide chun:

   a. measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí aistrithe a bhaineann leis an aeráid a eascraíonn as mí-ailíniú contrapháirtithe agus/nó punann le cuspóirí agus conairí rialála AE, Ballstáit nó tríú tíre atá comhsheasmhach leis na spriocanna aeráide is infheidhme, agus rioscaí airgeadais gaolmhara a d'fhéadfadh tarlú;

   b. bonn eolais a thabhairt dá bpróiseas cinnteoireachta maidir lena n-inghlacthacht riosca, a straitéis ghnó agus a bpleanáil aistrithe a fhoirmliú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le tosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht le contrapháirtithe áirithe.

## c. Modhanna cásbhunaithe

42. Chomh maith le modhanna ailínithe punainne atá bunaithe ar neamhchosaint, bunaithe ar earnáil agus bunaithe ar phunann, ba cheart go ndéanfaí foráil le nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí d'úsáid anailísí cásbhunaithe chun a n-athléimneacht i gcoinne rioscaí ESG a thástáil, ag tosú le rioscaí a bhaineann leis an aeráid, i gcásanna éagsúla[11].

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 a mhéid a bhaineann le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh (IO L 324,19.12.2022, lch. 1.).

[11] Tabharfar aghaidh ar phointe d) den sainordú atá san áireamh in Airteagal 87a(5) de Threoir 2013/36/AE trí Threoirlínte comhlántacha ÚBE a fhorbairt maidir le hanailís cásbhunaithe chun athléimneacht institiúidí i leith fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a thástáil.

# 5. Íoschaighdeáin agus modheolaíocht tagartha chun rioscaí ESG a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu

**5.**

## 5.1 Prionsabail bhainistithe riosca ESG

43. Chun críocha rioscaí ESG a chomhtháthú sa chreat bainistithe riosca ar fud na hinstitiúide de réir mhír 152 de Threoirlínte ÚBE ar rialachas inmheánach, ba cheart d'institiúidí ról na rioscaí ESG a mheas mar spreagaithe féideartha gach catagóire traidisiúnta rioscaí airgeadais, lena n-áirítear rioscaí creidmheasa, rioscaí margaidh, rioscaí leachtachta, rioscaí oibríochtúla (lena n-áirítear dlíthíocht), rioscaí clú, rioscaí maidir le samhail ghnó agus rioscaí comhchruinnithe.

44. Ba cheart d'institiúidí rioscaí ESG a leabú laistigh dá gcórais agus dá bpróisis rialta bainistithe riosca lena n-áirithítear comhsheasmhacht lena straitéisí foriomlána gnó agus riosca, lena n-áirítear pleananna i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE mar a shonraítear tuilleadh i Roinn 6. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil cur chuige lán-chomhtháite acu ina ndéantar rioscaí ESG a ghabháil i gceart agus a mheas mar chuid de straitéisí, beartais agus teorainneacha bainistithe riosca. I gcás ina bhfuil socruithe sonracha i bhfeidhm ag institiúidí maidir le rioscaí ESG, ba cheart dóibh a áirithiú go léirítear é sin sa chreat bainistithe riosca rialta, agus go gcuirtear leis an gcreat sin.

45. Ba cheart d'institiúidí cur chuige láidir agus fónta a fhorbairt maidir le rioscaí ESG a bhainistiú agus a mhaolú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus thar thréimhse fhadtéarmach deich mbliana ar a laghad, agus na prionsabail a leagtar amach i mír 19 á gcur san áireamh.

46. Ba cheart d'institiúidí a chinneadh cén teaglaim d'uirlisí bainistíochta riosca agus maolaithe is fearr a chuirfeadh leis sin, trí raon uirlisí a mheas, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

   a) rannpháirtíocht le contrapháirtithe a bhfuil sé d'aidhm acu próifíl riosca an chontrapháirtí a thuiscint ar bhealach níos fearr agus comhsheasmhacht a áirithiú le hinghlacthacht riosca agus cuspóirí straitéiseacha na hinstitiúide, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

      i. raon feidhme na gcontrapháirtithe ar cheart dóibh a bheith páirteach leo a chinneadh, agus torthaí an mheasúnaithe ábharthachta agus an phróisis tomhais riosca á gcur san áireamh;

      ii. idirphlé a bhunú leis na contrapháirtithe sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a n-athléimneacht i leith rioscaí ESG, agus an reachtaíocht earnála a

dhéanann difear do na contrapháirtithe sin agus aon phlean aistrithe atá forbartha acu á gcur san áireamh;

iii. i gcás inarb ábhartha agus inar féidir, faisnéis agus comhairle ábhartha a chur ar fáil do chliaint maidir le measúnú nó maolú a dhéanamh ar rioscaí ESG a bhfuil siad neamhchosanta orthu; agus

iv. breithniú a dhéanamh ar raon gníomhartha a bhaineann go sonrach le contrapháirtí, amhail coigeartú ar thairiscint táirgí, comhaontú ar phlean agus gníomhartha feabhais chun tacú le hiarrachtaí um aistriú agus athléimneacht fheabhsaithe an chontrapháirtí, nó mar rogha deiridh scor den chaidreamh nuair a mheastar nach mbeadh leanúnachas ag luí le pleanáil agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.

b) téarmaí airgeadais a choigeartú (e.g. lena n-áirítear coimircí agus bearta ceartaitheacha arna gcomhaontú de réir conartha), coinníollacha (e.g. aibíocht) agus/nó praghsáil bunaithe ar chritéir a bhaineann le riosca ESG agus straitéis riosca agus beartas caipitil inmheánach na hinstitiúide;

c) rioscaí ESG a bhreithniú agus beartais earnála á bhforbairt agus teorainneacha riosca domhanda, réigiúnacha agus earnála á leagan síos agus teorainneacha neamhchosanta agus straitéisí díghiarála chomh maith;

d) éagsúlú punann iasachtaithe agus infheistíochta bunaithe ar chritéir ESG a bhaineann le riosca, e.g. i dtéarmaí earnálacha eacnamaíocha nó limistéar geografach;

e) uirlisí bainistíochta riosca eile a mheastar a bheith iomchuí i gcomhréir le hinghlacthacht riosca na hinstitiúide, amhail ath-leithdháileadh féideartha de mhaoiniú idir earnálacha agus laistigh díobh i leith neamhchosaintí atá níos athléimní i gcoinne rioscaí ESG.

## 5.2 Straitéisí agus samhlacha gnó

47. Ba cheart d’institiúidí rioscaí ESG a chur san áireamh agus a straitéisí foriomlána gnó agus riosca á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu, agus ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas ar a laghad sna straitéisí sin:

a) an timpeallacht ghnó ina n-oibríonn siad a thuiscint agus a mheasúnú, agus an chaoi a bhfuil siad neamhchosanta ar athruithe struchtúracha sa gheilleagar, sa chóras airgeadais, agus sa tírdhreach iomaíoch sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar thoradh ar fhachtóirí ESG;

b) tuiscint a fháil agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le rioscaí ESG, go háirithe spreagaithe riosca comhshaoil lena n-áirítear rioscaí aistrithe agus fisiceacha, drochthionchar a imirt ar inmharthanacht dá samhail ghnó agus ar inbhuanaitheacht

dá straitéis ghnó, lena n-áirítear foinsí brabúsachta agus ioncaim, sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

c) breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na rioscaí ESG sin, go háirithe spreagaithe riosca comhshaoil lena n-áirítear rioscaí aistrithe agus fisiceacha, difear a dhéanamh dá gcumas a gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus fanacht laistigh dá n-inghlacthacht riosca;

d) pleananna agus spriocanna a leagtar amach i Roinn 6 a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu.

48. Chun críocha mhír 47 agus d'fhonn straitéisí atá sách eolasach a áirithiú, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar léargais a fuarthas ó mheascán de mhodhanna measúnaithe riosca réamhbhreathnaitheacha, lena n-áirítear:

a) modheolaíochtaí ailínithe punainne, mar a thuairiscítear i Roinn 4.2;

b) anailísí riosca cásbhunaithe maidir leis an gcomhshaol, agus an timpeallacht ghnó/na timpeallachtaí gnó (féideartha) ina bhféadfadh siad a bheith ag feidhmiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma á gcur san áireamh, lena n-áirítear tréimhse deich mbliana ar a laghad;

c) tástálacha struis aeráide nó comhshaoil arna gcur i gcrích ag an institiúid.

49. Ba cheart go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag institiúidí ar a samhail ghnó, ar a gcuspóirí straitéiseacha agus ar a straitéis riosca ó thaobh riosca ESG de agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil a rialachas, a bpróiseas pleanála um aistriú agus a gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear inghlacthacht riosca, leordhóthanach ionas go bhféadfaí iad a chur chun feidhme.

## 5.3 Inghlacthacht riosca

50. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú lena n-inghlacthacht riosca go ndéantar rioscaí ESG atá mar chuid dá bhfardal riosca tar éis an mheasúnaithe ábharthachta a shainiú go soiléir agus aghaidh a thabhairt orthu go soiléir. Ba cheart go sonrófaí san inghlacthacht riosca leibhéal agus cineálacha na n-institiúidí rioscaí ESG atá toilteanach glacadh leo ina bpunann, lena n-áirítear maidir le cuspóirí comhchruinnithe agus éagsúlaithe na punainne. Ba cheart go mbeadh comhtháthú rioscaí ESG san inghlacthacht riosca comhsheasmhach le cuspóirí agus gealltanais straitéiseacha na hinstitiúide agus leis na pleananna agus na spriocanna a shonraítear faoi Roinn 6.

51. Ba cheart an inghlacthacht riosca a chur chun feidhme le tacaíocht ó KRInna a bhaineann le ESG, lena n-áirítear, e.g. teorainneacha, tairseacha nó eisiaimh féideartha. D'fhonn KRInna ábhartha agus iomchuí a chinneadh, ba cheart d'institiúidí torthaí a measúnaithe ábharthachta agus gnéithe sonracha a samhla gnó a chur san áireamh, agus línte gnó, gníomhaíochtaí, táirgí agus neamhchosaintí ábhartha i leith earnálacha eacnamaíocha agus

geografaíochtaí, lena n-áirítear dlínsí agus limistéir gheografacha níos gráinní, á gcur san áireamh. Ba cheart d'institiúidí na méadrachtaí atá liostaithe i Roinn 5.7 a mheas agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le cé na KRInna roghnaithe a úsáidfear ina gcreat inghlacthachta riosca.

52. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go dtuigfidh gach eintiteas grúpa ábhartha agus gach líne ghnó ábhartha agus gach aonad ábhartha gnó a bhfuil riosca ag baint leo inghlacthacht riosca na hinstitiúide i dtéarmaí rioscaí ESG agus go gcuirfidh siad chun feidhme i gceart í. Go háirithe, maidir le hinstitiúidí móra, ba cheart teorainneacha riosca a shocrú ar leibhéil éagsúla laistigh den institiúid, agus comhsheasmhacht leis an inghlacthacht riosca foriomlán á háirithiú, agus ba cheart breithnithe riosca ESG a dhaingniú i ndáil leis na táirgí nó na hionstraimí airgeadais arna n-eisiúint, arna dtionscnamh nó arna sealbhú ag an institiúid, agus i ndáil le deighleoga cliaint, le cineál comhthaobhachta agus le hionstraimí maolaithe riosca.

53. Ba cheart go mbeadh inghlacthacht riosca na hinstitiúide agus na KRInna gaolmhara faoi réir próiseas faireacháin agus géaraithe mar atá leagtha amach i mír 80.

## 5.4 Cultúr, cumais agus rialuithe inmheánacha

54. Ba cheart d'institiúidí a gcumais a fhorbairt ar bhonn leanúnach chun rioscaí ESG a shainaithint, agus chun measúnú, faireachán, agus bainistiú a dhéanamh orthu agus iad a mhaolú de réir mar is iomchuí. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú, mar chuid dá mbeartas oiliúna, go bhfuil oiliúint leordhóthanach curtha ar a gcomhlacht bainistíochta agus ar a bhfoireann chun impleachtaí fhachtóirí ESG agus rioscaí ESG a thuiscint ionas go bhféadfaidís a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart na beartais agus na nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí oiliúna a choinneáil cothrom le dáta agus forbairtí eolaíocha agus rialála a chur san áireamh; ba cheart go gcuirfí san áireamh sa nós imeachta do bhainisteoirí go bhfuil eolas ar fhachtóirí ESG agus ar rioscaí ESG ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus do shealbhóirí príomhfheidhme i gcomhréir le Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir le measúnuithe oiriúnachta[12].

55. Sa chultúr riosca fónta agus comhsheasmhach ina bhfuil na rioscaí ESG i gceist leis, a chuirtear chun feidhme laistigh den institiúid de réir Theideal IV de Threoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach[13] ba cheart go n-áireofaí ann cumarsáid shoiléir ón gcomhlacht bainistíochta ('an chaoi a mbeidh cúrsaí a leagan ón mbarr') agus bearta iomchuí chun eolas ar fhachtóirí ESG agus ar rioscaí ESG a chur chun cinn ar fud na hinstitiúide, chomh maith le feasacht ar chuspóirí agus ar ghealltanais straitéiseacha ESG na hinstitiúide.

[12] Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE (EBA/GL/2021/06)
[13] Teideal IV – Cultúr riosca agus iompar gnó

56. Chun críocha Theideal V de Threoirlínte ÚBE ar rialachas inmheánach[14], ba cheart d'institiúidí rioscaí ESG a ionchorprú ina gcreataí rialaithe inmheánaigh ar fud na dtrí líne chosanta. Ba cheart go n-áireofaí sa chreat rialaithe inmheánaigh sainiú soiléir agus sannadh soiléir d'fhreagrachtaí agus línte tuairiscithe riosca ESG.

57. Ba cheart go mbeadh an chéad líne chosanta freagrach as measúnuithe a dhéanamh ar rioscaí ESG, agus breithnithe ábharthachta agus comhréireachta á gcur san áireamh, le linn ionduchtúcháin an chliaint, iarratas creidmheasa, athbhreithniú creidmheasa agus, i gcás inarb ábhartha, le linn próiseas infheistíochta, agus i bhfaireachán agus rannpháirtíocht leanúnach le cliaint reatha. Ba cheart go mbeadh tuiscint agus eolas leordhóthanach ag baill foirne sa chéad líne chosanta ionas go mbeidh siad in ann rioscaí féideartha ESG a shainaithint.

58. Mar chuid de ghníomhaíochtaí an dara líne chosanta:

   a) ba cheart go mbeadh an fheidhm bainistíochta riosca freagrach as tabhairt faoi mheasúnú riosca ESG agus as faireachán a dhéanamh go neamhspleách ar an gcéad líne chosanta, lena n-áirítear trína áirithiú go gcloítear leis na teorainneacha riosca, trí cheistiú agus, i gcás inar gá, trí chur i gcoinne an mheasúnaithe tosaigh arna dhéanamh ag na hoifigigh um chaidreamh gnó;

   b) ba cheart don fheidhm chomhlíonta maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithíonn an chéad líne chosanta go gcloítear le ceanglais dlí agus beartais inmheánacha riosca ESG is infheidhme, agus ba cheart di comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta agus ar bhaill foirne ábhartha eile maidir le bearta atá le déanamh chun comhlíonadh den sórt sin a áirithiú. Ina theannta sin, i ndáil leis na héilimh inbhuanaitheachta agus/nó na gealltanais arna ndéanamh ag an institiúid, ba cheart di comhairle a chur ar fáil maidir leis na rioscaí clú agus iompair a bhaineann le cur chun feidhme na n-éileamh agus/nó na ngealltanas sin nó maidir le mainneachtain éilimh agus/nó gealltanais den sórt sin a chur chun feidhme;

   c) ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an bhfeidhm chomhlíonta agus leis an bhfeidhm bainistithe riosca chun táirgí nua a bhfuil gnéithe ESG ag baint leo a fhormheas nó chun athruithe suntasacha a dhéanamh ar tháirgí atá ann cheana chun gnéithe ESG a leabú.

59. Mar thríú líne chosanta, ba cheart don fheidhm iniúchóireachta inmheánaí (IAF) athbhreithniú neamhspleách agus dearbhú oibiachtúil a sholáthar maidir le cáilíocht agus éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh fhoriomláin agus na gcóras rialaithe inmheánaigh foriomlán i ndáil le rioscaí ESG, lena n-áirítear an chéad líne agus an dara líne chosanta agus an creat rialachais riosca ESG.

[14] Teideal V – Creat agus sásraí rialaithe inmheánaigh

## 5.5 Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil agus próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta

60. Ba cheart d'institiúidí rioscaí ábhartha ESG agus a dtionchar ar chatagóirí riosca airgeadais a ionchorprú ina ICAAP chun measúnú a dhéanamh ar mhéideanna, ar chineálacha agus ar dháileadh an chaipitil inmheánaigh a mheasann siad a bheith leordhóthanach chun cineál agus leibhéal na rioscaí ESG a chumhdach agus d'fhonn iad a choinneáil ar bhonn leanúnach, agus an ghearrthéarma, an meántéarma agus an fadtéarma á gcur san áireamh.

61. Nuair a chuireann institiúidí tréimhsí níos faide san áireamh chun rioscaí ESG a chumhdach, ba cheart na tréimhsí sin a úsáid mar fhoinse faisnéise chun tuiscint leordhóthanach a áirithiú ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí ESG do phleanáil chaipitil laistigh de ghnáth-thréimhsí ICAAP. Ba cheart go mbeadh na tréimhsí a mheastar chun caipiteal inmheánach leordhóthanach a chinneadh d'fhonn rioscaí ESG a chumhdach a bheith comhsheasmhach leis na tréimhsí a úsáidtear mar chuid de ICAAP foriomlán na n-institiúidí. Ba cheart go mbeadh ICAAP sách réamhbhreathnaitheach agus i gcás ina measann institiúid nár cheart rioscaí a chumhdach le caipiteal ach go ndéanfaí iad a mhaolú trí uirlisí nó gníomhaíochtaí eile, ba cheart é sin a mhíniú.

62. Ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as léargais a fuarthas óna modheolaíochtaí measúnaithe riosca, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear i Roinn 4.2, chun riachtanais chaipitil inmheánacha le haghaidh neamhchosaintí nó punanna a mheastar a bheith níos leochailí i leith rioscaí ESG a shainaithint agus a thomhas, agus leibhéil éagsúla infhaighteachta agus aibíochta na modheolaíochtaí cainníochtaithe maidir le rioscaí comhshaoil i gcomparáid le rioscaí sóisialta agus rialachais á gcur san áireamh.

63. Maidir le rioscaí comhshaoil, ba cheart d'institiúidí léargas réamhbhreathnaitheach ar a leordhóthanacht chaipitil a áireamh ina ICAAP faoi chás díobhálach lena n-áireofaí eilimintí sonracha a bhaineann le rioscaí comhshaoil. Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí aon athruithe ar phlean gnó na hinstitiúide nó ar bhearta eile a dhíorthaítear ó thástáil struis ar rioscaí aeráide nó comhshaoil agus/nó ó thástáil struis droim ar ais a shonrú, i gcomhréir le mír 90 de Threoirlínte ÚBE maidir le Tástáil Struis[15].

64. Ba cheart d'institiúidí rioscaí ábhartha comhshaoil agus a dtionchar ar leachtacht a ionchorprú ina bpróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta (ILAAP) thar thréimhsí iomchuí laistigh de raon feidhme chumhdach ILAAP.

65. Ba cheart d'institiúidí cur síos a áireamh ina gcreataí ICAAP agus ILAAP ar an inghlacthacht riosca, ar na tairseacha agus ar na teorainneacha a leagtar síos le haghaidh rioscaí ábhartha ESG agus rioscaí ábhartha comhshaoil faoi seach, agus ar an tionchar atá acu ar a sócmhainneacht nó ar a leachtacht, chomh maith leis an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm

[15] Treoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis na n-institiúidí (EBA/GL/2018/04)

chun na tairseacha agus na teorainneacha sin a choinneáil cothrom le dáta. Ba cheart d'institiúidí faisnéis chomhthéacsúil leordhóthanach a chur ar fáil chun tuiscint a fháil ar a n-anailís ar na himpleachtaí caipitil agus leachtachta a bhaineann le rioscaí ESG agus rioscaí comhshaoil, faoi seach, lena n-áirítear trí shoiléireacht a sholáthar maidir leis na modheolaíochtaí a úsáidtear agus na boinn tuisceana bhunúsacha.

66. Agus rioscaí ESG á gcomhtháthú ina ICAAP agus rioscaí comhshaoil á gcomhtháthú ina ILAAP, ba cheart go gcuirfí san áireamh i gcastacht na bpróiseas agus i leibhéal sofaisticiúlachta na modheolaíochtaí a úsáideann institiúidí a méid agus a gcastacht agus torthaí a measúnaithe ábharthachta.

## 5.6 Beartais agus nósanna imeachta le haghaidh catagóirí riosca airgeadais

67. Ba cheart d'institiúidí tuiscint a fháil agus bainistiú a dhéanamh ar an tionchar atá ag rioscaí ESG faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar a neamhchosaintí ar riosca creidmheasa, ar luacháil a suíomhanna atá faoi réir riosca margaidh, go háirithe chun críocha luachála stuama, ar a bpróifíl riosca leachtachta agus ar a maoláin, ar a rioscaí oibríochtúla (lena n-áirítear dlíthíocht), agus ar rioscaí do chlú, lena n-áirítear trí anailísí réamhbhreathnaitheacha a úsáid.

### *5.6.1. Riosca creidmheasa*

68. Chun críocha rioscaí ESG a chomhtháthú i mbeartais agus nósanna imeachta riosca creidmheasa mar atá leagtha amach i mír 56 de Threoirlínte ÚBE maidir le tionscnamh agus faireachán iasachta, ba cheart d'institiúidí a áirithiú go ndéantar a mbeartais earnála creidmheasa, lena léirítear rioscaí ESG, a mhiondealú agus a aistriú ina gcritéir thionscnaimh shoiléire atá ar fáil d'fhoireann línte gnó agus do chinnteoirí creidmheasa, agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil rioscaí ESG leabaithe sa chreat faireacháin ar riosca creidmheasa.

69. Maidir le rioscaí comhshaoil, ba cheart d'institiúidí meascán de ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla a áireamh ina mbeartais agus ina nósanna imeachta. Bunaithe ar a measúnú ábharthachta agus a n-inghlacthacht riosca, ba cheart d'institiúidí méadrachtaí riosca creidmheasa cainníochtúla a leagan síos lena gcumhdófaí na deighleoga cliant is suntasaí, na cineálacha comhthaobhachta chomh maith leis na hionstraimí maolaithe riosca.

### *5.6.2. Riosca margaidh*

70. Maidir le riosca margaidh, ba cheart d'institiúidí a mheas conas a d'fhéadfadh rioscaí ESG difear a dhéanamh do luach na n-ionstraimí airgeadais ina bpunann, meastóireacht a dhéanamh ar an riosca féideartha de chaillteanas ina bpunann agus ar luaineacht mhéadaithe i luach a bpunann, chomh maith le próisis éifeachtacha a bhunú chun na tionchair ghaolmhara a rialú nó a mhaolú mar chuid dá gcreat bainistithe riosca margaidh, lena n-áirítear, nuair is gá, athbhreithniú a dhéanamh ar inghlacthacht riosca an leabhair trádála agus teorainneacha inmheánacha a leagan síos do shuíomhanna nó do neamhchosaintí cliaint.

### *5.6.3. Riosca leachtachta agus maoinithe*

71. Maidir le riosca leachtachta agus maoinithe, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh, ar a laghad, ar an gcaoi a bhféadfadh rioscaí ESG difear a dhéanamh do ghlan-eis-sreafaí airgid (e.g. tarraingtí anuas méadaithe de línte creidmheasa) nó do luach sócmhainní arb ionann iad agus a maoláin leachtachta agus, i gcás inarb iomchuí, na tionchair sin a ionchorprú i gcalabrú a maolán leachtachta nó ina gcreat bainistithe riosca leachtachta.

72. Ina theannta sin, maidir le rioscaí comhshaoil, ba cheart d'institiúidí a mheas conas a d'fhéadfadh na rioscaí sin difear a dhéanamh d'infhaighteacht agus/nó do chobhsaíocht a bhfoinsí maoinithe agus iad a chur san áireamh agus riosca maoinithe á bhainistiú acu. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar thréimhsí difriúla agus ar ghnáthdhálaí agus ar dhrochdhálaí araon, agus ba cheart go léireofaí leis sin, i measc nithe eile, na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí comhshaoil ar rioscaí clú, cás ina mbeadh rochtain bhactha nó ní ba chostasaí ar mhaoiniú margaidh agus/nó aistarraingtí taisce luathaithe.

### *5.6.4. Rioscaí oibríochtúla agus clú*

73. Maidir le riosca oibríochtúil, ba cheart d'institiúidí a mheas conas a d'fhéadfadh rioscaí ESG difear a dhéanamh do na cineálacha éagsúla teagmhas riosca oibriúcháin rialála dá dtagraítear in Airteagal 324 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus dá gcumas leanúint d'oibríochtaí criticiúla a sholáthar agus ba cheart dóibh rioscaí ábhartha ESG a ionchorprú ina gcreat bainistithe riosca oibríochtúil.

74. Maidir le rioscaí comhshaoil, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) caillteanais a bhaineann le rioscaí comhshaoil a shainaithint agus a lipéadú ina gcláir caillteanas oibríochtúla, i gcomhréir leis an tacsanomaíocht riosca agus leis an modheolaíocht chun na teagmhais chaillteanais a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 317(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a aicmiú;

    b) próisis a fhorbairt chun dóchúlacht agus tionchar rioscaí dlíthíochta a bhaineann leis an gcomhshaol a mheas agus a bhainistiú;

    c) anailís ar chásanna a úsáid chun a chinneadh conas is féidir le spreagaithe riosca fisiciúla tionchar a imirt ar a leanúnachas gnó; agus

    d) rioscaí comhshaoil ábhartha a chur san áireamh agus pleananna leanúnachais gnó á bhforbairt.

75. Maidir le rioscaí clú, ba cheart d'institiúidí tionchar rioscaí ESG ar a gcáil a mheas agus a bhainistiú, lena n-áirítear trí rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hiasachtú do ghnólachtaí agus infheistíocht a dhéanamh iontu a d'fhéadfadh a bheith i mbaol conspóidí a bhaineann le ESG, amhail sáruithe ar chearta sóisialta nó ar chearta an duine. Ba cheart

d'institiúidí breithniú a dhéanamh freisin, i gcás inarb infheidhme, ar na rioscaí clú a bhaineann leis an mainneachtain a ngealltanais inbhuanaitheachta nó a bpleananna aistrithe a chomhlíonadh, nó leis an easpa creidiúnachta (a bhraitear) a bhaineann leis na gealltanais agus na pleananna sin.

76. Mar chuid dá mbainistiú iompair, dlíthíochta agus rioscaí do chlú, ba cheart go mbeadh próisis fhónta i bhfeidhm ag institiúidí chun rioscaí a eascraíonn as glas-snasú nó cleachtais a mheastar a bheith ann maidir le glas-snasú a shainaithint, a chosc agus a bhainistiú agus prionsabail ardleibhéil ÚMEnna a leagtar amach i Roinn 2.1 den Thuarascáil Deiridh ÚBE ar fhaireachán agus ar mhaoirseacht maidir le glas-snasú á gcur san áireamh[16]. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur cumarsáid chóir agus shoiléir a bheidh sa chumarsáid a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus nach mbeidh sí míthreorach, agus go mbeidh éilimh inbhuanaitheachta cruinn, réasúnaithe, cothrom le dáta, go soláthrófar leo léiriú cothrom ar phróifíl fhoriomlán na hinstitiúide nó ar phróifíl an táirge, agus go gcuirfear i láthair iad ar bhealach intuigthe. Ba cheart é sin a dhéanamh ar leibhéal na hinstitiúide (e.g. i ndáil le gealltanais inbhuanaitheachta lena n-áirítear spriocanna réamhbhreathnaitheacha) agus ar leibhéal an táirge nó na gníomhaíochta (e.g. i ndáil le táirgí agus gníomhaíochtaí a mhargaítear mar tháirgí inbhuanaithe), lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí dlí, ar chleachtais mhargaidh, agus ar chonspóidí maidir le cleachtais líomhainte a bhaineann le glas-snasú.

### *5.6.5. Riosca comhchruinnithe*

77. Maidir le riosca comhchruinnithe, ba cheart d'institiúidí na rioscaí a bhaineann le comhchruinnithe neamhchosaintí nó comhthaobhachta i gcontrapháirtithe aonair, i gcontrapháirtithe idirspleácha nó i dtionscail áirithe, in earnálacha eacnamaíocha nó i réigiúin gheografacha áirithe a mheas agus iad a bhainistiú, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le leibhéal ní b'airde leochaileachta do rioscaí ESG. Chun rioscaí comhchruinnithe a bhaineann le ESG a shainaithint, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar mhéid agus/nó scaireanna dá neamhchosaintí a bhféadfadh rioscaí ESG difear a dhéanamh dóibh i gcoibhneas le neamhchosaintí iomlána agus mar chion de chaipiteal Leibhéal 1. Ba cheart d'institiúidí roinnt fachtóirí ESG a chur san áireamh ina measc astaíochtaí GCT, saintréithe earnála, leochaileacht limistéar geografach i leith rioscaí fisiceacha, agus easnaimh shóisialta nó rialachais nó conspóidí a shainaithnítear i ndlínsí ina bhfuil neamhchosaintí nó comhthaobhacht lonnaithe, chomh maith le hinfhaighteacht fachtóirí maolaithe riosca. Ba cheart d'institiúidí a mheas an ndéantar leochaileacht airgeadais na neamhchosaintí roimhe sin ní ba mheasa de bharr riosca comhchruinnithe a bhaineann le ESG agus an chaoi a ndéantar amhlaidh.

[16] Tuarascáil deiridh ÚBE maidir le faireachán agus maoirseacht ar ghlas-snasú (EBA/REP/2024/09)

## 5.7 Faireachán

78. Ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG trí chreataí tuairiscithe inmheánacha éifeachtacha lena gcuirtear faisnéis iomchuí agus sonraí comhiomlánaithe in iúl don bhainistíocht shinsearach agus don chomhlacht bainistíochta, amhail trí rioscaí ESG a chomhtháthú i dtuarascálacha riosca rialta nó i bhfoirm deaiseanna ina bhfuil méadrachtaí atá mar thaca le maoirseacht éifeachtach.

79. Ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG ar bhonn leanúnach agus a áirithiú go gcoimeádann siad dearcadh uile-institiúide ar bun, lena gcumhdaítear go leordhóthanach cineál, méid agus castacht a ngníomhaíochtaí, chomh maith le, i gcás na bpunann is suntasaí a chinntear ar bhonn an mheasúnaithe ábharthachta, léargas punainne ar a leochaileacht i leith rioscaí ESG. Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí faireachán gráinneach agus minic a chur chun feidhme ar chontrapháirtithe, ar neamhchosaintí agus ar phunanna a mheastar a bheith neamhchosanta go hábhartha ar rioscaí ESG, lena n-áirítear trí bhreithnithe ar rioscaí ESG a ionchorprú i bpróiseas faireacháin riosca creidmheasa de chontrapháirtithe miondíola agus in athbhreithnithe creidmheasa rialta ar chontrapháirtithe meánmhéide agus móra agus/nó trí mhéadú a chur ar mhinicíocht agus ar ghráinneacht na n-athbhreithnithe sin mar gheall ar rioscaí ESG.

80. Ba cheart d'institiúidí táscairí agus tairseacha luathrabhaidh a shocrú agus ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun foláirimh a ghéarú agus maidir le neamh-chomhlíonadh agus sáruithe agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus/nó maolaithe a dhéanamh i gcás ina sáraítear teorainneacha, lena n-áirítear trí oiriúnuithe ar straitéis ghnó agus ar uirlisí bainistithe riosca.

81. Ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar raon méadrachtaí agus táscairí riosca ESG atá siarbhreathnaitheach agus réamhbhreathnaitheach. Ba cheart d'institiúidí móra faireachán a dhéanamh ar na táscairí seo a leanas ar a laghad:

    a) Méid agus sciar na neamhchosaintí ar chaidreamh gnó le contrapháirtithe a oibríonn in earnálacha a chuireann go mór leis an athrú aeráide i gcomhréir le hAithris 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, i.e. na hearnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus i Roinn L d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, chomh maith leis an ioncam (ús, táille agus coimisiún) a eascraíonn as.

       Ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as idirdhealú earnála atá chomh gráinneach agus is féidir. Go háirithe, ba cheart go gcuirfí ar chumas institiúidí, leis an méid gráinneachta, faireachán a dhéanamh ar mhéid agus ar sciar na neamhchosaintí ar chaidreamh le contrapháirtithe sonracha, amhail eintitis san earnáil breosla iontaise

agus/nó cuideachtaí atá eisiata ó thagarmharcanna ailínithe AE-Pháras[17] agus ar an ioncam a eascraíonn as chomh maith.

b) Méadrachtaí ailínithe punainne lena dtaispeántar ar leibhéal earnála a mhéid a dhéantar risíochtaí agus cumais táirgthe arna n-oibriú ag cliaint a (mhí-)ailíniú le conair atá comhsheasmhach leis an gcuspóir dlí agus rialála aeráide is infheidhme, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, bunaithe ar mhéadrachtaí ailínithe atá ábhartha do na hearnálacha roghnaithe agus trí úsáid a bhaint as modhanna a thuairiscítear i Roinn 4.2.3 b).

   Ba cheart d'institiúidí na táscairí sin a chomhlánú le faisnéis a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na tionchair riosca airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar mhí-ailíniú.

c) Astaíochtaí GCT maoinithe le miondealú de réir raon 1, 2 agus 3 i ndearbhluach agus, i gcás inarb ábhartha, déine i gcoibhneas le haonaid táirgthe nó ioncaim, roinnte de réir earnálacha, ag baint úsáide as difreáil earnála atá chomh gráinneach agus is féidir agus ar a laghad d'earnálacha roghnaithe arna gcinneadh ar bhonn an mheasúnaithe ábharthachta.

   Ba cheart d'institiúidí na méadrachtaí sin a chomhlánú le faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil agus critéir a thacaíonn le léirmhíniú ar a n-éabhlóid le himeacht ama, lena n-áirítear e.g. méadú sealadach mar gheall ar mhaoiniú um aistriú a sholáthar do chontrapháirtithe atá dian ar GCT, agus na spreagaithe bunúsacha de na hathruithe ar astaíochtaí a shainaithint.

   I measc na samplaí de mhodheolaíochtaí nó de bhunachair shonraí a d'fhéadfadh a bheith ina dtacaíocht d'institiúidí agus na méadrachtaí sin á ríomh acu tá Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe GHG Domhanda don Tionscal Airgeadais, arna fhorbairt ag an gComhpháirtíocht um Airgeadas Cuntasaíochta Carbóin, agus an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochta Carbóin roimhe seo).

d) An leibhéal dul chun cinn a baineadh amach i gcur chun feidhme na bpríomhstraitéisí maoinithe arna gcinneadh ag an institiúid chun a hathléimneacht i gcoinne rioscaí ESG agus a hullmhacht don aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe a áirithiú, e.g. trí fhaireachán a dhéanamh ar shreafaí airgeadais i dtreo sócmhainní airgeadais nó contrapháirtithe a roinneann sraith choiteann saintréithe atá ábhartha do spriocanna na hinstitiúide nó d'inghlacthacht riosca i ndáil le rioscaí ESG.

[17] De réir Airteagal 12(1), pointí (d) go (g), agus Airteagal 12(2) den Rialachán maidir le Caighdeáin Tagarmhairc Aeráide.

e) Méadracht rannpháirtíochta cliant lena soláthraítear faisnéis faoin méid seo a leanas:

   i. céatadán na gcontrapháirtithe a ndearnadh measúnú ar rioscaí ESG ina leith, agus maidir lena straitéisí um aistriú chomh maith agus, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, maidir lena bpleananna um aistriú agus a gcomhsheasmhacht le cuspóirí na hinstitiúide, agus raon feidhme na n-earnálacha, na dtáirgí agus na línte gnó roghnaithe a chumhdaítear leis na measúnuithe sin á shonrú;

   ii. torthaí na rannpháirtíochta sin amhail na measúnuithe dearfacha (nó aon fho-aicmiú laistigh den chatagóir sin) nó na measúnuithe diúltacha (nó aon fho-aicmiú laistigh den chatagóir sin) ar inoiriúnaitheacht agus athléimneacht na gcontrapháirtithe sin maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, an dul chun cinn maidir le hailíniú i gcoinne spriocanna agus chuspóirí na hinstitiúide, agus gníomhaíochtaí leantacha arna ndéanamh ag an institiúid.

f) Miondealú ar phunanna arna n-urrú ag eastát réadach de réir leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh na comhthaobhachta.

g) An cóimheas idir maoiniú teicneolaíochtaí soláthair fuinnimh ísealcharbóin i ndáil le maoiniú teicneolaíochtaí soláthair fuinnimh breosla iontaise.

h) Cóimheas na ngníomhaíochtaí um maoiniú neamhchosaintí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de lena rannchuidítear leis an gcuspóir comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide dá dtagraítear in Airteagal 9 pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/852[18], nó lena gcumasaítear é, i ndáil leis na neamhchosaintí atá dian ar GCT.

i) Leibhéil riosca fhisiciúil a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu, agus a dtionchar ar rioscaí airgeadais, trí roinnt cásanna agus gach guais atá ábhartha do ghníomhaíocht na hinstitiúide a mheas, arna bhforlíonadh le faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na mbeart um maolú riosca.

j) Bearta riosca comhchruinnithe a bhaineann le spreagaithe riosca fisiciúla (e.g. neamhchosaintí agus/nó comhthaobhacht a thomhas i limistéir ina bhfuil ardriosca tuile, uisce-anáis nó riosca de dhóiteáin fhiáine) agus spreagaithe riosca aistrithe (e.g. neamhchosaintí ar earnálacha a bhfuil rioscaí aistrithe ardaithe acu), trí dheighilt gheografach leordhóthanach neamhchosaintí a úsáid.

k) Méid na gcaillteanas stairiúil a bhaineann le rioscaí ESG agus, bunaithe ar mhodhanna de chineál cásbhunaithe, meastachán réamhbhreathnaitheach/meastacháin réamhbhreathnaitheacha ar neamhchosaintí ar riosca agus caillteanais airgeadais a d'fhéadfadh tarlú amach anseo a bhaineann le rioscaí ESG.

[18] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

l) Tomhas ar rianú riosca clú a bhaineann le ESG ar an gcaoi a mbíonn tionchar díreach nó indíreach ag rialáil, cumarsáid, gealltanais nó conspóidí poiblí maidir le gníomhaíochtaí gnó reatha agus gníomhaíochtaí gnó amach anseo, trí idirghníomhaíochtaí le riosca oibríochtúla agus rioscaí straitéiseacha agus samhlacha gnó a mheas, amhail deiseanna gnó nó comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chailleadh.

m) Aon éilimh dlíthíochta a bhaineann le ESG ina raibh, ina bhfuil nó ina bhféadfadh baint a bheith ag an institiúid leo, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

n) Stádas an fhothaithe acmhainneachta a bhaineann le riosca ESG, amhail céatadán na foirne a bhfuil oiliúint shonrach faighte acu.

o) Méadrachtaí a bhaineann le tosca nach mbaineann leis an aeráid amhail spleáchais ar leibhéal punainne agus tionchair ar sheirbhísí éiceachórais, nó neamhchosaintí ar chontrapháirtithe a bhfuil spleáchais ábhartha acu nó tionchair dhiúltacha acu ar an mbithéagsúlacht, agus faisnéis faoi shuíomh earnála agus geografach araon á cur san áireamh.

p) Dul chun cinn i gcomparáid le spriocanna uile na hinstitiúide a leagtar síos i ndáil le rioscaí ESG agus cuspóirí ESG, lena n-áirítear mar chuid de phlean na hinstitiúide dá dtagraítear i Roinn 6 nó mar chuid de ghealltanais inbhuanaitheachta eile arna ndéanamh ag an institiúid.

82. Ba cheart do SNCInna agus d’institiúidí neamh-mhóra eile faireachán a dhéanamh ar raon táscairí a áirítear faoi mhír 81, arna roghnú ar bhonn thorthaí a measúnaithe ábharthachta, agus ba cheart dóibh bearta a dhéanamh chun liosta na dtáscairí a ndéantar faireachán orthu a leathnú le himeacht ama.

83. Ba cheart modheolaíochtaí soiléire agus dea-dhoiciméadaithe a bheith ag institiúidí maidir lena méadracht faireacháin agus lena dtáscairí faireacháin. I gcás ina mbíonn na sonraí is gá chun méadracht a ríomh ar iarraidh ar dtús, ba cheart d’institiúidí na céimeanna a leagtar amach i míreanna 26, 27 agus 29 a leanúint.

# 6. Pleananna i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE

**6.**

## 6.1 Prionsabail uileghabhálacha

84. Is toradh iad pleananna arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE ar an bpróiseas pleanála um aistriú a leagtar amach i Roinn 6.3 agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar anailís réamhbhreathnaitheach ar an timpeallacht ghnó agus ar phróiseas cuimsitheach pleanála straitéisí laistigh d'institiúidí. Ba cheart dóibh forléargas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí straitéiseacha agus ar na huirlisí bainistithe riosca arna n-imscaradh ag institiúidí chun a léiriú conas a áirithíonn siad a stóinseacht i leith rioscaí ESG agus ullmhacht don aistriú i dtreo geilleagar a bheidh athléimneach ó thaobh an chomhshaoil agus aeráide de agus níos inbhuanaithe.

85. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go dtugtar aghaidh ina bpleananna ar ghnéithe bainistithe riosca réamhbhreathnaitheacha ESG agus ag an am céanna iad a bheith comhsheasmhach le ceanglais infheidhme eile lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le dícheall cuí, tuairisciú inbhuanaitheachta, agus gníomhaíochtaí straitéiseacha chun comhoiriúnacht samhlacha gnó leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a áirithiú. Go háirithe, ba cheart go n-áireofaí sna pleananna cuspóirí, gníomhartha agus spriocanna maidir le samhail ghnó agus straitéis na hinstitiúide atá comhsheasmhach leis na pleananna arna nochtadh de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/36/AE, i gcás inarb infheidhme, agus le cuspóirí nó gealltanais a bhaineann le ESG a cheanglaítear ar institiúidí a chomhlíonadh le dlí nó le rialachán, chomh maith leo siúd atá leagtha síos go deonach acu. I gcás ina nochtann institiúidí pleananna i gcomhréir le hAirteagal 19a mír 2 (a) (iii) nó le hAirteagal 29a mír 2 (a) (iii) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil cheana féin a athúsáid mar chéad chéim.

86. Ba cheart d'institiúidí a chinntiú go bhfuil a bpleananna agus a spriocanna dea-chomhtháite ina straitéisí gnó agus go bhfuil siad ailínithe agus comhsheasmhach lena straitéisí riosca agus maoinithe, lena n-inghlacthacht riosca, lena ICAAP agus lena gcreat bainistithe riosca mar atá leagtha amach i Roinn 5. Ba cheart go léireofaí cineál, méid agus castacht ghníomhaíocht na n-institiúidí agus a measúnú ábharthachta ar rioscaí ESG i bhfairsingiúlacht na socruithe rialachais, sna próisis pleanála aistrithe, agus i méid sofaisticiúlachta chuspóirí, spriocanna agus mhéadrachtaí na bpleananna.

87. I bhfianaise oibleagáid na n-institiúidí a áirithiú go bhfuil socruithe, próisis agus sásraí a bhaineann lena bpleananna comhsheasmhach agus dea-chomhtháite, lena n-áirítear ina bhfochuideachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas, agus oibleagáid na bhfochuideachtaí sin

a bheith in ann sonraí agus faisnéis a tháirgeadh atá ábhartha don chuspóir maoirseacht a dhéanamh ar phleananna comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 109(2) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart do mháthairinstitiúidí rioscaí ESG a chur san áireamh a bhfuil fochuideachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas nochta go hábhartha dóibh agus an plean comhdhlúite á mhionsaothrú agus á chur chun feidhme acu, trí aird a thabhairt ar an reachtaíocht áitiúil is infheidhme agus ar chuspóirí rialála ESG, agus ba cheart go mbeadh sé de chumas acu cur chuige comhdhlúite eolasach a léiriú.

## 6.2 Rialachas

### *6.2.1. Róil agus freagrachtaí*

88. Ba cheart d'institiúidí freagrachtaí a shainaithint agus a leithdháileadh ar bhealach soiléir maidir leis na pleananna a fhorbairt, a bhailíochtú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Agus róil agus freagrachtaí á sannadh acu ar an leibhéal iomchuí sinsearachta, ba cheart d'institiúidí a chur san áireamh an t-idirghaol agus an tionchar ba cheart a bheith ag an bpróiseas pleanála um aistriú ar phróisis eile amhail an straitéis ghnó níos leithne agus an inghlacthacht riosca.

89. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as na pleananna a fhormheas agus ba cheart dó maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, lena n-áirítear a bheith ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí ábhartha agus faoin dul chun cinn a baineadh amach i ndáil le spriocanna na hinstitiúide agus cinntí a dhéanamh maidir le gníomhartha feabhais i gcás neamh-chomhlíonadh suntasach.

90. Chun críocha rioscaí ESG a chomhtháthú ar fud na dtrí líne chosanta i gcomhréir le Roinn 5.4:

    a) ba cheart go mbeadh an chéad líne chosanta freagrach as idirphlé a bhunú le contrapháirtithe faoina straitéisí aistrithe féin agus as comhsheasmhacht le cuspóirí agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide a mheas, bunaithe ar bheartais rannpháirtíochta shoiléire mar atá leagtha amach i mír 109 e(i). Chuige sin, ba cheart d'institiúidí a chinntiú go bhfuil dóthain saineolais agus cumais ag an bhfoireann ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuireann straitéisí aistrithe contrapháirtithe, lena n-áirítear a bpleananna aistrithe nuair a bheidh siad ar fáil, feabhas ar a n-athléimneacht i leith rioscaí ESG agus a ailíneoidh le spriocanna na hinstitiúide;

    b) ba cheart go gcinnteofaí leis an bhfeidhm bainistithe riosca go bhfuil na teorainneacha riosca atá leagtha síos sa ráiteas um inghlacthacht riosca mar chuid den chreat bainistithe riosca comhsheasmhach le gach gné de phlean na hinstitiúide, lena n-áirítear beartais earnála;

    c) ba cheart go ndéanfaí IAF athbhreithniú ar phlean na hinstitiúide mar chuid den chreat bainistithe riosca agus a mheas an gcomhlíonann sé ceanglais dhlíthiúla agus

rialála agus an bhfuil sé comhsheasmhach le straitéis riosca agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide maidir le rioscaí ESG. Chuige sin, ba cheart do IAF a mheas cibé an gceadaítear nó nach gceadaítear leis an bplean don institiúid athruithe ar a próifíl riosca a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu, an chaoi a dtugann an institiúid aghaidh ar imeachtaí óna spriocanna, agus cibé ar roghnaíodh agus ar úsáideadh na toimhdí, modheolaíochtaí agus critéir bhunúsacha le hionracas.

#### *6.2.2. Próisis inmheánacha agus cumas*

91. Ba cheart d'institiúidí idirghníomhaíocht agus malartuithe fiúntacha agus rialta a áirithiú ar gach leibhéal den eagraíocht chun a áirithiú gur féidir léargais agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara inmheánacha a chur san áireamh agus na pleananna á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á n-athbhreithniú. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí, ar a laghad, aonaid, ranna agus feidhmeanna atá freagrach as pleanáil straitéiseach, as bainistiú riosca, as nochtaí maidir le hinbhuanaitheacht, as seirbhísí dlí agus as comhlíonadh a chur san áireamh i ndréachtú na bpleananna, agus ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar na haonaid, na ranna agus na feidhmeanna breise ar cheart a bheith i gceist.

92. I gcomhréir le Roinn 5.4, ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil cumas, saineolas agus acmhainní leordhóthanacha acu chun a bpróiseas pleanála um aistriú a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh maith le measúnú rialta a dhéanamh ar stóinseacht a bpleananna agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart d'institiúidí na bearnaí atá ann cheana i scileanna agus i saineolas a mhapáil agus gníomhartha feabhais a dhéanamh i gcás inar gá.

#### *6.2.3. Bainistiú sonraí*

93. Ba cheart próisis fhónta rialachais a bheith i bhfeidhm ag institiúidí chun na sonraí is gá a bhailiú, a bhailíochtú agus a chomhiomlánú chun bonn eolais a chur faoina n-iarrachtaí pleanála um aistriú agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as faisnéis phoiblí atá ar fáil agus as pleananna aistrithe contrapháirtithe mar a leagtar amach i Roinn 4.2.2.

## 6.3 Pleanáil maidir le haistriú

#### *6.3.1. Cásanna agus conairí*

94. Ba cheart d'institiúidí a n-íogaireacht i leith rioscaí ESG a thuiscint, go háirithe rioscaí aistrithe comhshaoil agus rioscaí fisiceacha, i gcásanna éagsúla, lena n-áirítear iad siúd lena dtugtar le tuiscint leibhéil níos airde riosca fhisiciúil nó aistriú mí-ordúil. Ba cheart d'institiúidí a thuiscint conas a d'fhéadfadh cásanna éagsúla difear a dhéanamh dá n-iarrachtaí pleanála um aistriú.

95. Chun críocha faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaol a d'fhéadfadh eascairt as an bpróiseas coigeartaithe i leith cuspóirí rialála a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol sna dlínsí ina bhfeidhmíonn siad agus aghaidh a thabhairt

orthu, ba cheart d'institiúidí cásanna a roghnú go cúramach trí na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

a) measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cuspóirí an Aontais, na mBallstát agus, i gcás inarb ábhartha, ag cuspóirí tríú tíortha maidir le conairí um aistriú, le haghaidh earnálacha roghnaithe arna gcinneadh ar bhonn an mheasúnaithe ábharthachta, ar a laghad. Sa phróiseas sin, ba cheart d'institiúidí na conairí dóchúla ón gComhaontú Glas don Eoraip, ó Dhlí Aeráide an Aontais, agus ó na tuarascálacha agus na bearta is déanaí arna bhforordú ag an mBord Comhairleach Eolaíochta Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide a chur san áireamh;

b) breithniú a dhéanamh ar chásanna eolaíochtbhunaithe agus nuashonraithe a thagann ó eagraíochtaí náisiúnta, AE nó idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 38;

c) cuspóirí nó gealltanais dheonacha nó sainordaithe rialála na hinstitiúide maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a chur san áireamh.

96. Ba cheart go mbeadh an tagairt gheografach agus an ghráinneacht, amhail i dtéarmaí miondealuithe réigiúnacha, de na cásanna agus na conairí a úsáideann institiúidí a bheith ábhartha dá samhail ghnó agus dá neamhchosaintí.

97. Ba cheart go mbeadh raon agus castacht na gcásanna a úsáideann institiúidí a bheith comhréireach lena méid agus lena gcastacht. Féadfaidh SNCInna agus institiúidí neamh-mhóra eile a bheith ag brath ar shraith shimplithe de phríomhpharaiméadair agus de phríomhbhoinn tuisceana, na rioscaí a cuireadh san áireamh, tréimhsí ama a breithníodh, agus miondealú réigiúnach ar thionchair. Ba cheart d'institiúidí móra a bpleananna (lena n-áirítear spriocanna deiridh agus idirmheánacha) a thagarmharcáil i gcoinne cáis atá comhoiriúnach le teorannú an téamh domhanda go 1.5 °C i gcomhréir leis an gComhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a bhunaítear le Dlí Aeráide an Aontais.

98. Ba cheart d'institiúidí a chinntiú go bhfuil cásanna agus conairí a úsáidtear mar chuid dá bpleananna comhsheasmhach ar fud na heagraíochta agus go mbreithnítear na tréimhsí ama, amhail nuair a bhíonn straitéisí gnó á bhforbairt agus spriocanna á leagan síos don ghearrthéarma, don mheántéarma agus don fhadtéarma. Ba cheart d'institiúidí doiciméadú a dhéanamh ar an bpróiseas chun cásanna a roghnú agus ar na cúiseanna le haon athrú nó úsáid dhifriúil. Ba cheart údar soiléir a bheith le cinntí chun cásanna éagsúla a úsáid chun críocha éagsúla chomh maith le cinntí chun cásanna a mhodhnú.

### *6.3.2. Tréimhsí ama agus garspriocanna*

99. Ba cheart d'institiúidí sraith tréimhsí ama éagsúla a bhunú mar chuid dá bpleananna ar cheart go n-áireofaí leo an tréimhse phleanála ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach de dheich mbliana ar a laghad. Ba cheart na prionsabail a leagtar amach i mír

19 a chur san áireamh sna socruithe arna bhforbairt chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG agus chun aghaidh a thabhairt orthu thar thréimhsí ama.

100. Ba cheart d'institiúidí garspriocanna a shocrú ag eatraimh ama rialta chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG a eascraíonn as cuspóirí rialála gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha atá ag na dlínsí ina bhfeidhmíonn siad agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear leis sin cuspóirí an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de 55 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990 agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, spriocanna aeráide idirmheánacha eile arna leagan síos ag an Aontas nó, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta, chomh maith le cuspóirí a bhaineann le tosca comhshaoil eile amhail athchóiriú dúlra[19] nó dífhoraoisiú[20]a bhaint amach.

101. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil idirghníomhú ann idir cuspóirí agus spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha agus go gcuirtear in iúl go maith iad. Áirítear leis sin a áirithiú go mbeidh cuspóirí fadtéarmacha, amhail gealltanais chun glanastaíochtaí nialasacha GCT a bhaint amach, ina straitéisí meántéarmacha (e.g. beartais earnála mheántéarmacha nó spriocanna fáis do línte gnó) agus go mbeidh méadrachtaí nó spriocanna airgeadais gearrthéarmacha (e.g. táscairí brabúsachta, costas riosca, KPInna, KRInna, teorainneacha riosca, creataí praghsála) comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha.

### *6.3.3. Bonn an mheasúnaithe ábharthachta*

102. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag próiseas pleanála aistrithe na n-institiúidí rioscaí ábhartha ESG a bhainistiú, go háirithe rioscaí aistrithe comhshaoil agus rioscaí fisiceacha arna sainaithint ar bhonn measúnú ábharthachta láidir, agus arna nuashonrú go rialta ar rioscaí ESG arna dhéanamh i gcomhréir le Roinn 4.1. Ba cheart d'institiúidí gníomhartha tiomnaithe a leagan amach chun faireachán agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí ábhartha ESG a eascraíonn as neamhchosaintí, as punanna, agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus as na hacmhainní táirgthe atá á maoiniú, a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach do phróiseas coigeartaithe an gheilleagair i dtreo na gcuspóirí dlíthiúla agus rialála is infheidhme a bhaineann le fachtóirí ESG.

### *6.3.4. Méadrachtaí*

103. Ba cheart d'institiúidí raon méadrachta a úsáid lena n-áirítear méadracht réamhbhreathnaitheach chun tacú le socrú spriocanna agus chun cur chun feidhme a bpleananna a bhrú chun cinn agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

104. Chun críocha spriocanna a leagan síos, ba cheart d'institiúidí sraith méadrachta agus táscairí a úsáid agus na cinn a áirítear i mír 81 á gcur san áireamh. Ba cheart d'institiúidí a

[19] Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024).

[20] Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 09/06/2023, lch. 20).

chinneadh, agus a straitéisí gnó agus a n-inghlacthacht riosca á gcur san áireamh acu, cad iad na méadrachtaí agus na spriocanna rioscabhunaithe agus réamhbhreathnaitheacha eile a chuirfidh siad san áireamh ina bpleananna d'fhonn faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG agus aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear leis sin méadracht a mheasúnú, a ríomh agus a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le pleanáil um aistriú do phróifíl ghnó agus riosca na n-institiúidí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear trí thionchar na pleanála um aistriú ar fheidhmíocht airgeadais, ar fhoinsí ioncaim, ar bhrabúsacht agus ar leibhéal riosca na bpunann a thomhas.

105. I gcás ina mbíonn na sonraí is gá chun méadracht a ríomh agus chun tacú le socrú spriocanna ar iarraidh, ba cheart d'institiúidí na céimeanna a leagtar amach i míreanna 26, 27 agus 29 a leanúint.

106. Féadfaidh SNCInna agus institiúidí neamh-mhóra eile a bheith ag brath ar raon níos lú táscairí chun méadracht a úsáid agus chun spriocanna a leagan síos agus cuspóirí cáilíochtúla a cheapadh a bheag nó a mhór.

107. Cé gur cheart d'institiúidí teaglaim de mhéadrachtaí a bhaineann le rioscaí a bhaineann leis an aeráid a úsáid ar a laghad, ba cheart dóibh bearta a ghlacadh chun méadrachtaí a chur san áireamh de réir a chéile, ar méadrachtaí a thacaíonn le measúnú riosca agus stiúradh straitéiseach a bhaineann le neamhchosaint institiúidí ar rioscaí comhshaoil, agus le bainistiú rioscaí comhshaoil, seachas rioscaí a bhaineann leis an aeráid, e.g. rioscaí a eascraíonn as díghrádú éiceachóras agus caillteanas na bithéagsúlachta agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid, chomh maith le rioscaí sóisialta agus rialachais.

## 6.4 Príomhábhar na bpleananna

108. Ba cheart d'institiúidí a bpleananna a dhoiciméadú lena n-áirítear a modheolaíochtaí, a mbonn tuisceana, a gcritéir, a spriocanna agus a ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun spriocanna a bhaint amach, mar aon le hathbhreithnithe a dhéantar agus a sceidealaítear. Ba cheart d'institiúidí raon feidhme na rioscaí a ghabhann le gach cuid den phlean a shonrú, e.g. cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann sé le rioscaí comhshaoil, sóisialta nó rialachais, agus ba cheart dóibh a áirithiú go dtugann gach gné den phlean aghaidh ar rioscaí comhshaoil ar a laghad.

109. Ba cheart d'institiúidí móra a áirithiú go n-áirítear ina bpleananna na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

a. Cuspóirí straitéiseacha agus treochlár na bpleananna:

i. cuspóir straitéiseach uileghabhálach ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i

gcomhréir leis an straitéis ghnó fhoriomlán agus leis an inghlacthacht riosca;

ii. sraith chuimsitheach spriocanna fadtéarmacha le garspriocanna idirmheánacha chun athléimneacht na samhla gnó i dtreo rioscaí ESG a áirithiú, lena n-áirítear comhsheasmhacht struchtúr gnó agus ioncam le garspriocanna den sórt sin;

iii. príomhbhoinn tuisceana, príomhionchuir agus faisnéis chúlra atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar chuspóirí agus spriocanna na n-institiúidí, lena n-áirítear cás/cásanna lárnach(a) nó tagartha nó conclúidí na n-institiúidí a roghnú a eascraíonn as torthaí measúnuithe ábharthachta ar rioscaí ESG, measúnuithe ailínithe punainne agus anailísí eile cásbhunaithe;

b. Spriocanna agus méadracht:

i. spriocanna cainníochtúla arna leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an bpróiseas coigeartaithe i leith cuspóirí inbhuanaitheachta dlíthiúla agus rialála na ndlínsí ina n-oibríonn an institiúid agus ina mbíonn na treochtaí aistrithe níos leithne i dtreo geilleagar inbhuanaithe, agus méadrachtaí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG agus ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach;

ii. punanna, earnálacha, aicmí sócmhainní, línte gnó agus i gcás inarb infheidhme gníomhaíochtaí eacnamaíocha (i.e. teicneolaíochtaí aonair) a chumhdaítear le spriocanna agus le méadrachtaí faireacháin, lena n-áirithítear go léiríonn raon feidhme na spriocanna agus na méadrachta go leordhóthanach cineál, méid agus castacht ghníomhaíocht na hinstitiúide agus a measúnú ábharthachta maidir le rioscaí ESG.

iii. tréimhsí ama a bhfuil feidhm ag spriocanna agus méadracht ina leith;

c. Rialachas:

i. struchtúr rialachais do na pleananna lena n-áirítear róil agus freagrachtaí maidir leis an bplean a fhoirmliú, a bhailíochtú, a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh air agus é a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear céimeanna géaraithe i gcás ina n-imítear ó spriocanna;

ii. acmhainn agus gníomhartha a bhaineann le hacmhainní chun eolas, scileanna agus saineolas iomchuí a áirithiú chun an plean a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le riosca ESG agus cultúr inmheánach;

iii. beartais agus cleachtais luacha saothair chun bainistiú fónta rioscaí ESG a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide;

iv. sonraí agus córais a úsáidtear don phróiseas pleanála um aistriú;

d. Straitéis cur chun feidhme:

i. forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a rinneadh nó a bheartaítear i bpríomhghníomhaíochtaí agus i bpróisis bhaincéireachta chun spriocanna an phlean a bhaint amach, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann an institiúid cuspóirí an phlean a leabú ina próiseas cinnteoireachta agus ina chreat bainistithe riosca rialta, arna chomhlánú le faisnéis maidir le héifeachtacht breathnaithe nó rannchuidiú measta gach gnímh leis an sprioc/na spriocanna ábhartha;

ii. oiriúnuithe ar bheartais agus ar nósanna imeachta maidir le catagóirí riosca airgeadais agus ar bheartais agus coinníollacha iasachtaithe agus infheistíochta maidir le príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha, earnálacha agus suíomhanna;

iii. athruithe a tugadh isteach ar mheascán agus ar phraghsáil na seirbhísí agus táirgí chun tacú le cur chun feidhme an phlean;

iv. infheistíochtaí agus leithdháileadh punainne straitéiseach a thacaíonn le straitéis ghnó agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide i ndáil le rioscaí ESG, lena n-áirítear faisnéis faoi tháirgí agus seirbhísí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus a bhaineann le haistriú, agus faoin gcaoi a bhfuil nósanna imeachta bainistithe riosca comhchuimseach ag gabháil le haon athruithe ar roghanna maoinithe straitéisigh;

e. Straitéis rannpháirtíochta:

i. beartais chun páirt a thabhairt do chontrapháirtithe, lena n-áirítear faisnéis maidir le minicíocht, raon feidhme agus cuspóirí rannpháirtíochta, cineálacha gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann agus próisis nó critéir ghéaraithe;

ii. próisis, modheolaíochtaí agus méadrachtaí a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú agus a mheasúnú a bhaineann le neamhchosaint na gcontrapháirtithe ar rioscaí ESG agus ailíniú i dtreo chuspóirí agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide;

iii. torthaí na gcleachtas rannpháirtíochta, lena n-áirítear forbhreathnú ar inoiriúnaitheacht agus ar athléimneacht contrapháirtithe i leith an aistrithe i dtreo geilleagair níos inbhuanaithe.

110. Ba cheart do SNCInna agus d'institiúidí neamh-mhóra eile na gnéithe a chumhdaítear i bpointí a(i)-(ii), b(i)-(ii), c(i), d(i)-(ii) agus e(i)-(ii) de mhír 109 a áireamh ina bpleananna ar a laghad.

111. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as an Iarscríbhinn mar uirlis tacaíochta chun a bpleananna a fhorbairt agus a chur ar bhonn foirmiúil.

## 6.5 Faireachán, athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na pleananna

112. Ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a bpleananna trí úsáid a bhaint as próisis agus méadrachtaí faireacháin i gcomhréir le Roinn 5.7 agus Roinn 6.3.4. Ba cheart d'institiúidí réamh-mheastacháin a dhéanamh go rialta chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas a spriocanna a bhaint amach.

113. Ba cheart go gcuirfí ar chumas an chomhlachta bainistíochta leis an gcreat faireacháin rianú comhuaineach a dhéanamh ar an gcaoi a bhforbraíonn méadrachtaí faireacháin riosca ESG agus ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo garspriocanna an phlean, le réasúnaíocht shoiléir agus mhionsonraithe taobh thiar de spriocanna nó de chuspóirí nár baineadh amach, agus meastóireachtaí ar an tionchar féideartha ar chineálacha éagsúla rioscaí airgeadais do thréimhsí ama éagsúla.

114. Ba cheart d'institiúidí a straitéis ghnó a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus gach uair a dhéanann siad a straitéis ghnó a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Threoir 2013/36/AE, a bpleananna a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta, agus faisnéis nuashonraithe á cur san áireamh amhail measúnuithe ábharthachta nua ar rioscaí ESG, forbairtí ar a bpunanna agus ar ghníomhaíochtaí a gcontrapháirtithe, cásanna nua atá ar fáil, tagarmharcanna nó conairí earnála, agus tionchair an rialacháin atá ann faoi láthair nó atá ar na bacáin.

# Iarscríbhinn

Soláthraítear san Iarscríbhinn seo uirlis tacaíochta d'institiúidí chun pleananna a fhorbairt a gceanglaítear orthu faoi Airteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE mar a shonraítear tuilleadh i Roinn 6 de na treoirlínte seo. Ní thugtar isteach leis ceanglais bhreise ach déantar foráil maidir le gach príomhábhar a cheanglaítear leis na treoirlínte maidir le roinnt samplaí, tagairtí agus méadrachtaí féideartha a d'fhéadfadh institiúidí a mheas de réir mar a dhéanann siad a bpleananna a struchtúrú agus a chur ar bhonn foirmiúil. Féadfaidh institiúidí formáid an chur chuige choitinn seo a oiriúnú ar choinníoll go n-áiritheoidh siad go n-áireofar gach príomhábhar riachtanach ina bpleananna. I gcomhréir leis an ngá atá le comhsheasmhacht le ceanglais eile is infheidhme de réir roinn 6.1 agus go háirithe mír 85, ba cheart d'institiúidí comhsheasmhacht na faisnéise a úsáidtear chun na treoirlínte a chomhlíonadh le faisnéis arna nochtadh i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún.

| **6.4. Príomhábhar na bpleananna** | **Eochairfhocail nó gnéithe den phríomhábhar riachtanach** | | **Samplaí d'aschuir cháilíochtúla agus chainníochtúla agus na méadrachtaí tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith acu** | | **Tagairtí do chreataí eile de chuid an Aontais** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | ***Soiléirithe agus tagairt do na Treoirlínte*** | | ***Aschur féideartha (Cáilíochtúil)*** | ***Aschur féideartha (Cainníochtúil)*** | ***Colún 3*** | ***CSRD/ESRS*** |
| **Conas an uirlis seo a léamh?** | | | | | | |
| **Sliocht díreach ó roinn 6.4, mír 109 de na Treoirlínte** | Eochairfhocail nó fo-ghné | *Treoir a shoiléiriú maidir leis an roinn/na ranna ábhartha nó leis an mír/na míreanna ábhartha de na Treoirlínte* | Cur síos cáilíochtúil ar aschur féideartha a bhaineann leis an gceanglas seo atá sna Treoirlínte:<br>- Le samplaí nó rudaí nár cheart a ligean i ndearmad,<br>- Mar shampla, insintí, saintréithe. | Cur síos cainníochtúil ar aschur féideartha a bhaineann leis an gceanglas seo atá sna Treoirlínte:<br>- Mar aon le samplaí nó 'rabhaidh' agus méadracht agus spriocanna á n-úsáid,<br>- Mar shampla, ag meabhrú do na pointí difriúla a d'fhéadfadh a | Naisc i dtreo cheanglais Cholún 3 agus ESRS ar cheart d'institiúidí a mheas, i gcás inarb infheidhme, chun comhsheasmhacht agus idirnaisc a áirithiú agus ar cheart dóibh a bheith ag brath a mhéid is féidir ar fhaisnéis ábhartha atá comhionann ó thaobh ábhair de nó atá inchomparáide go suntasach. | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Eochairfhocail nó fo-ghné | *Treoir a shoiléiriú maidir leis an roinn/na ranna ábhartha nó leis an mír/na míreanna ábhartha de na Treoirlínte* | Is chun críche léirithe amháin atá na samplaí go léir. | bheith cumhdaithe le KPI.<br>Is chun críche léirithe amháin atá gach sampla de KPInna/KRInna. | D’fhéadfaí gur ghá tagairtí do Cholún 3 agus do ESRS a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí rialála amach anseo a léiriú. |

<table>
<tr><th rowspan="2">6.4. Príomhábhar na bpleananna</th><th colspan="2">Eochairfhocail nó gnéithe den phríomhábhar riachtanach</th><th colspan="2">Samplaí d'aschuir cháilíochtúla agus chainníochtúla agus na méadrachtaí tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith acu</th><th colspan="2">Tagairtí do chreataí eile de chuid an Aontais</th></tr>
<tr><th colspan="2">Soiléirithe agus tagairt do na Treoirlínte</th><th>Aschur féideartha (Cáilíochtúil)</th><th>Aschur féideartha (Cainníochtúil)</th><th>Colún 3</th><th>CSRD/ESRS</th></tr>
<tr><td colspan="7">a. Cuspóirí straitéiseacha agus treochlár an phlean</td></tr>
<tr><td rowspan="2">i.Cuspóir straitéiseach uileghabhálach ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i gcomhréir leis an straitéis ghnó fhoriomlán agus leis an inghlacthacht riosca.</td><td>Cuspóir uileghabhálach:</td><td>Baineann sé seo leis an gcuspóir straitéiseach uileghabhálach a fhéachann institiúidí a bhaint amach maidir le rioscaí ESG, i gcomhréir le rioscaí ESG a ionchorprú i straitéisí gnó agus riosca agus in inghlacthacht riosca de réir roinn 5.2 agus roinn 5.3.</td><td rowspan="2"># Cur síos cáilíochtúil ar straitéisí chun comhoiriúnacht samhlacha gnó leis an aistriú chuig geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe a áirithiú, go háirithe nuair atá siad faoi réir cheanglais CSDDD agus/nó CSRD, agus an chaoi a ndéanann na straitéisí sin difear don treo agus do na tosaíochtaí le haghaidh tionscnaimh bainistithe riosca ESG<br># Cineálacha cur chuige ardleibhéil chun rioscaí ESG arna sainaithint mar rioscaí is ábhartha a bhainistiú i bhfianaise raon feidhme gníomhaíochtaí agus mheasúnú</td><td rowspan="2"># D'fhéadfaí cuspóirí uileghabhálacha a nascadh le spriocanna roghnaithe KPI nó KRI<br><br># Féadfar crostagairt do chodanna eile den phlean a mheas e.g. i dtreo chuid a(ii) nó cuid b</td><td rowspan="2">Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(a) (b)<br>Tábla 2<br>(a) (b)<br>Tábla 3<br>(c) (d)</td><td rowspan="2">ESRS-E1-1<br>ESRS 2 - BP1<br>ESRS-E1-MDR-P<br>ESRS-E1-2</td></tr>
<tr><td>Gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach:</td><td>Baineann sé seo leis an gcaoi a bhfuil feidhm ag an gcuspóir straitéiseach ar fud na dtréimhsí éagsúla a bhreithnítear i gcomhréir le roinn 6.3.2.</td></tr>
</table>

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | ábharthachta na hinstitiúide | | | |
| **ii.Sraith chuimsitheach spriocanna fadtéarmacha le garspriocanna idirmheánacha chun athléimneacht na samhla gnó i dtreo rioscaí ESG a áirithiú, lena n-áirítear comhsheasmhacht struchtúr gnó agus ioncam le garspriocanna den sórt sin.** | Spriocanna fadtéarmacha: | *Spriocanna fadtéarmacha a thacaíonn leis an gcuspóir uileghabhálach a bhaint amach thar thréimhse de dheich mbliana ar a laghad de réir CRD agus mhír 99 de na Treoirlínte.* | # Spriocanna fadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascraíonn as cuspóir an Aontais glanastaíochtaí nialasacha GCT a bhaint amach faoi 2050, le garsprioc idirmheánach in 2030 i bhfianaise chuspóir an Aontais astaíochtaí a laghdú de 55 % i gcomparáid le leibhéal 1990<br># Spriocanna fadtéarmacha agus garspriocanna idirmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascraíonn as cuspóirí an Aontais a bhaineann le dífhoraoisiú nó le hathchóiriú an dúlra<br># An chaoi a gcinntíonn an institiúid go bhfuil a struchtúr gnó agus a sruthanna ioncaim ailínithe lena spriocanna | # Neamhchosaint airgeadais ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla<br># Méadrachtaí um ailíniú punainne<br># Méadrachtaí brabúsachta: táscairí toraidh arna gcoigeartú ó thaobh toraidh agus riosca de ar fud miondealuithe ábhartha (e.g. earnálacha, punanna, táirgí...)<br># Méadracht straitéise gnó: KPInna réamhbhreathnaitheacha lena dtugtar cur síos ar straitéis na hinstitiúide maidir le praghsáil, caipiteal, leachtacht, leithdháileadh an chláir chomhardaithe<br># Céatadán na ngarspriocanna ESG a bhaintear amach in am | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(b) (j)<br>Tábla 2<br>(b) (k) (l)<br>Tábla 3<br>(c) (d)<br><br>Cainníochtúil:<br>Teimpléad 1<br>Teimpléad 3 | ESRS-E1-1<br><br>Spriocanna laghdaithe GCT: ESRS-E1-4 |
| | Garspriocanna idirmheánacha: | *Garspriocanna idirmheánacha lena dtomhaistear an dul chun cinn i dtreo spriocanna fadtéarmacha, i gcomhréir le mír 100 de na Treoirlínte.* | | | | |
| | Comhsheasmhacht an struchtúir ghnó agus na n-ioncam le garspriocanna: | *An chaoi a n-áiritheoidh an institiúid go mbeidh sí in ann brabúsacht leordhóthanach a ghiniúint feadh an bhealaigh.* | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | fadtéarmacha agus lena garspriocanna idirmheánacha | | | |
| **iii.Príomhbhoinn tuisceana, príomhionchuir agus faisnéis chúlra atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar chuspóirí agus spriocanna na n-institiúidí, lena n-áirítear cás/cásanna lárnach(a) nó tagartha nó conclúidí na n-institiúidí a roghnú a eascraíonn as torthaí measúnuithe ábharthachta ar rioscaí ESG, measúnuithe ailínithe punainne agus anailísí eile cásbhunaithe.** | Príomhbhoinn tuisceana agus roghnú an cháis/na gcásanna tagartha: | *Baineann sé seo le doiciméadú na bpríomhchritéar modheolaíochta agus na bpríomhbhonn tuisceana de réir mhír 108, lena n-áirítear cás/cásanna tagartha arna roghnú ag an institiúid de réir roinn 6.3.1.* | # An cás/na cásanna a roghnaíodh a shainaithint agus an t-údar atá leis an rogha sin, e.g. ó ghníomhaireachtaí comhshaoil náisiúnta, Airmheán Comhpháirteach Taighde de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, IEA, NGFS, IPCC<br><br># Cur síos cáilíochtúil ar rioscaí ábhartha aistrithe comhshaoil agus fisiceacha atá os comhair na hinstitiúide | # Méid an ailínithe nó an mhí-ailínithe i gcomparáid le conairí a bhaineann leis an aeráid agus/nó cásanna tagarmhairc d'earnálacha agus/nó do chontrapháirtithe roghnaithe<br><br># Bearta cainníochtúla na dtionchar riosca comhshaoil ar chatagóirí riosca airgeadais<br><br># Torthaí cainníochtúla an mheasúnaithe ábharthachta ar rioscaí ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(j) (k) (l)<br>Tábla 2<br>(h) (i) (j)<br>Tábla 3<br>(d)<br><br>Cainníochtúil:<br>Teimpléad 3 | ESRS-E1-SBM3<br>ESRS-E1-IRO<br>ESRS-E1-9 |
| | Torthaí an mheasúnaithe ábharthachta, na measúnuithe ailínithe punainne agus na n-anailísí cásbhunaithe: | *Príomhthorthaí agus príomhchonclúidí ó mheasúnú ábharthachta, modhanna ailínithe punainne agus anailísí cásbhunaithe, arna ndéanamh de réir roinn 4.* | | | | |

| b. Spriocanna agus méadracht | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **i.Spriocanna cainníochtúla arna leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an bpróiseas coigeartaithe i leith cuspóirí inbhuanaitheachta dlíthiúla agus rialála na ndlínsí ina n-oibríonn an institiúid agus ina mbíonn na treochtaí aistrithe níos leithne i dtreo geilleagar inbhuanaithe, agus méadrachtaí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG agus ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach.** | Spriocanna chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG agus chun faireachán a dhéanamh ar mhéadrachtaí: | *Baineann sé seo leis na méadrachtaí agus na spriocanna arna n-úsáid ag institiúidí de réir roinn 5.7 agus roinn 6.3.4.* | Ní bhaineann le hábhar | # Neamhchosaintí ar earnálacha ardriosca nó ar chontrapháirtithe<br># Méadracht agus spriocanna maidir le hailíniú punainne<br># Astaíochtaí maoinithe thar mhiondealuithe ábhartha<br># Dul chun cinn bainte amach i bpríomhstraitéisí maoinithe<br># Punanna réadmhaoine a bhfuil leibhéal áirithe éifeachtúlachta fuinnimh acu<br># Cóimheas baincéireachta an tsoláthair fuinnimh<br># Leibhéal an riosca fhisiciúil a bhfuil an institiúid neamhchosanta air<br># Faisnéis maidir leis an riosca a bhaineann leis an bpunann de réir miondealuithe ábhartha (e.g. Neamhchosaintí neamhthuillmheacha) | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(b) (c)<br>Tábla 2<br>(b)<br><br>Cainníochtúil:<br>Gach teimpléad | ESRS-E1-1<br><br>Spriocanna laghdaithe GCT:<br>ESRS-E1-4 |
| | Rioscaí a eascraíonn as an bpróiseas coigeartaithe i leith cuspóirí inbhuanaitheachta rialála: | *Baineann sé seo leis na méadrachtaí agus na spriocanna sonracha chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí ESG a eascraíonn as an aistriú agus as an bpróiseas coigeartaithe ar na cuspóirí rialála ábhartha agus chun aghaidh a thabhairt orthu sin, amhail iad siúd a áirítear i ndlí aeráide an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 76(2) CRD* | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ii.Punanna, earnálacha, aicmí sócmhainní, línte gnó agus i gcás inarb infheidhme gníomhaíochtaí eacnamaíocha (i.e. teicneolaíochtaí aonair) a chumhdaítear le spriocanna agus le méadrachtaí faireacháin, lena n-áirithítear go léiríonn raon feidhme na spriocanna agus na méadrachta go leordhóthanach cineál, méid agus castacht ghníomhaíocht na hinstitiúide agus a measúnú ábharthachta maidir le rioscaí ESG.** | Raon feidhme an chumhdaigh: | *Baineann sé seo le faisnéis a bhaineann le raon feidhme na spriocanna agus na méadrachta agus lena tábhacht ó thaobh riosca agus airgeadais de araon.* | # Maidir le gach sprioc, cad iad na gníomhaíochtaí, na haicmí sócmhainní, na hearnálacha agus na línte gnó a chumhdaítear<br># Spriocanna ar leibhéal na hinstitiúide miondealaithe ina spriocanna earnála níos sonraí<br># Spriocanna a chuirtear i bhfeidhm maidir le punanna, neamhchosaintí, grúpaí sócmhainní nó infheistíochtaí sonracha a bhfuil saintréithe nó rioscaí comhchosúla acu<br># Spriocanna sonracha inghníomhaithe le haghaidh tionscadal, teicneolaíochtaí nó gníomhaíochtaí gnó ar leith<br># Gníomhaíochtaí ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe a gabhadh<br># Eisiamh sa chlúdach agus sa chlúdach beartaithe | # Céatadán na rioscaí sainaitheanta ESG a ndéantar faireachán agus bainistiú gníomhach orthu<br># Céatadán na n-aonad gnó a bhfuil spriocanna ESG acu a bhaineann le riosca comhtháite ina bpleananna oibríochtúla<br># Céatadán na n-oibríochtaí i réigiúin éagsúla a bhfuil spriocanna agus tionscnaimh ESG a bhaineann le riosca i bhfeidhm acu ina leith<br># Céatadán na n-earnálacha a bhfuil pleananna gníomhaíochta sonracha forbartha acu atá ailínithe le spriocanna riosca ESG ar leibhéal an ghrúpa.<br># Spriocanna earnála a bhaint amach | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(b) (c) (j)<br>Tábla 2<br>(h) (i)<br><br>Cainníochtúil:<br>Gach teimpléad | ESRS-E1-1<br>ESRS 2 - MDR-T<br><br>Ioncam reatha de réir earnálacha:<br>ESRS 2 - SBM -1<br><br>Spriocanna laghdaithe GCT:<br>ESRS-E1-4 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **iii.Tréimhsí ama a bhfuil feidhm ag spriocanna agus méadrachtaí ina leith.** | Tréimhsí ama: | *Baineann sé seo leis na tréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha nó fadtéarmacha lena mbaineann méadrachtaí agus spriocanna i gcomhréir le roinn 6.3.2.* | # Cur síos cáilíochtúil ar an tacar spriocanna agus méadrachta a cuireadh i bhfeidhm don ghearrthéarma, don mheántéarma agus don fhadtéarma<br><br># An t-údar atá le méaduithe gearrthéarmacha ar mhéadracht agus spriocanna, más infheidhme | # Éabhlóid e.g. méadú/laghdú ar leibhéal na sprice/na spriocanna atá le baint amach thar thréimhsí ama éagsúla | | ESRS-E1.IRO-1_10_ AR 12a ESRS-E4-1_04 13d |
| **c. Rialachas** | | | | | | |
| **i.Struchtúr rialachais do na pleananna lena n-áirítear róil agus freagrachtaí maidir leis an bplean a fhoirmliú, a bhailíochtú, a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh air agus é a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear céimeanna géaraithe i gcás ina n-imítear ó spriocanna.** | Struchtúr rialachais: | *Struchtúr rialachais an phlean de réir roinn 6.2.1, roinn 6.2.2. agus roinn 6.5.* | # Róil agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta, aon fhochoiste agus trí líne chosanta<br><br># Prótacal géaraithe lena sainítear an próiseas chun aghaidh a thabhairt ar imeachtaí, lena n-áirítear cé ba cheart fógra a thabhairt ina leith agus na céimeanna atá le glacadh. | # Minicíocht na gcruinnithe boird atá tiomnaithe don phlean<br># Moilleanna ar fhormheas an phlean<br># Líon na n-iniúchtaí inmheánacha a rinneadh ar an bplean<br># Céatadán na moltaí iniúchóireachta a cuireadh chun feidhme<br># Líon na ngéaruithe arna bpróiseáil agus/nó na ngéaruithe gan réiteach | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(e) (g) (h) (q)<br>Tábla 2<br>(d) (f)<br>Tábla 3<br>(a) | ESRS 2 GOV-1 _AR 4 |
| | Nós imeachta maidir le neamh-chomhlíonadh agus géarú: | *Socruithe rialachais maidir le cinntí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais i gcás neamh-chomhlíonadh suntasach i gcomhréir le mír 80 agus le mír 89.* | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ii.Cumas agus gníomhartha a bhaineann le hacmhainní chun eolas, scileanna agus saineolas iomchuí a áirithiú chun an plean a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le riosca ESG agus cultúr inmheánach.** | Cumas agus acmhainní: | *Na gníomhaíochtaí a bhaineann le cumas agus acmhainní chun an plean a chur i gcrích go héifeachtach, bunaithe ar mheasúnú tosaigh ag an institiúid ar na bearnaí agus ar na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cultúr inmheánach agus cumais le haghaidh rioscaí ESG i gcomhréir le roinn 5.4.* | # Cláir oiliúna agus forbartha le haghaidh rioscaí ESG<br># Pleananna earcaíochta<br># Ardáin chomhroinnte eolais agus comhair<br># Tiomantas ceannaireachta | # Ráta críochnaithe oiliúna a bhaineann le rioscaí ESG<br># Bearnaí sainaitheanta i scileanna agus eolas a bhaineann le riosca ESG<br># Minicíocht agus cáilíocht na cumarsáide inmheánaí maidir le cuspóirí agus dul chun cinn a bhaineann le riosca ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(f) (m) | ESRS 2-GOV-1 - mír 23<br>ESRS G1 GOV-1 - mír 5b |
| **iii.beartais agus cleachtais luacha saothair chun bainistiú fónta rioscaí ESG a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.** | Beartais agus cleachtais luacha saothair: | *Baineann sé seo leis an gcaoi a gcuireann an institiúid san áireamh a hinghlacthacht riosca i ndáil le rioscaí ESG mar chuid dá beartais agus dá cleachtais luacha saothair i gcomhréir le hAirteagal 74(1)e de CRD.* | # Cur síos cáilíochtúil ar an gcaoi a ndearnadh beartais agus cleachtais luacha saothair a choigeartú, nó ar an gcaoi a ndéantar nó a ndéanfar iad a choigeartú chun ailíniú leis an gcuspóir straitéiseach uileghabhálach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG agus leis an inghlacthacht riosca | # Méadracht a úsáidtear chun an inghlacthacht riosca a bhaineann le rioscaí ESG a leabú i mbeartais luacha saothair<br># Cion na mball foirne ag a bhfuil méadracht a bhaineann le riosca ESG san áireamh i luach saothair<br># Ualú na méadrachta a bhaineann le riosca ESG sa luach saothair foriomlán | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(i)<br>Tábla 2<br>(g)<br>Tábla 3<br>(a) | ESRS 2-GOV-2 - mír 29<br>ESRS-E1-GOV-3 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **iv.Sonraí agus córais a úsáidtear don phróiseas pleanála um aistriú** | Sonraí agus córais: | *Baineann sé seo leis na sonraí agus na córais a úsáidtear chun pleananna a fhoirmliú, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu de réir roinn 4.2.2 agus mhír 93.* | # Fardal sonraí le sainaithint de na pointí sonraí riosca ábhartha uile ESG agus measúnú ar a n-infhaighteacht agus ar a gcáilíocht<br><br># Beartais agus nósanna imeachta chun cáilíocht sonraí a áirithiú | # Céatadán na bpointí sonraí ábhartha a bailíodh agus atá ar fáil<br><br># Céatadán na gcóras agus na bpróiseas lena gcomhtháthaítear sonraí ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(p) | ESRS 1 Aguisín B<br>ESRS 2 AR 2<br>ESRS 2 SBM-1_42a<br><br>ESRS-E2-4_30c<br>ESRS-S1-6_50d<br>ESRS-S1-7_55b |
| **d. Straitéis cur chun feidhme** | | | | | | |
| **i.Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a rinneadh nó a bheartaítear i bpríomhghníomhaíochtaí agus i bpróisis bhaincéireachta chun spriocanna an phlean a bhaint amach, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann an institiúid cuspóirí an phlean a leabú ina próiseas cinnteoireachta agus ina chreat bainistithe riosca rialta, arna chomhlánú le faisnéis maidir le héifeachtacht breathnaithe nó rannchuidiú measta gach gnímh leis an sprioc/na spriocanna ábhartha.** | Gníomhartha a rinneadh nó atá beartaithe i bpríomhghníomhaíochtaí baincéireachta:<br><br>Athruithe ar an gcreat bainistithe riosca rialta: | *Baineann sé seo leis an gcaoi a gcuirfidh an institiúid a cuspóirí agus a spriocanna chun feidhme trína croíghníomhaíocht.*<br><br>*Baineann sé seo leis an gcaoi a ndéanfaidh an institiúid a spriocanna a leabú i meascán na n-uirlisí bainistithe riosca atá ann cheana (e.g. ICAAP, ILAAP, RAS, teorainneacha riosca, leithdháileadh caipitil/punainne, próiseas buiséadaithe, plean straitéiseach, plean maoinithe, etc.), i gcomhréir le roinn 5.* | # Uirlisí nua a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ESG sna punanna reatha<br><br># Cuspóirí a bhaineann le riosca ESG a chomhtháthú sna próisis phleanála agus chinnteoireachta straitéiseacha mheántéarmacha agus fhadtéarmacha<br><br># Rioscaí ESG a ionchorprú sa chreat bainistithe riosca | # Céatadán na ngníomhaíochtaí a ndéanann gníomhartha cur chun feidhme difear dóibh<br><br># Céatadán na gcinntí gnó arb é is aidhm dóibh spriocanna an phlean a chur chun feidhme<br><br># Ráta glactha na n-uirlisí bainistithe riosca ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(n)<br>Tábla 2<br>(a)<br>Tábla 3<br>(c) | Príomhghníomhaíochtaí:<br>ERSR-E1-1_16b<br><br>ESRS-E1 MDR-A<br>ESRS 2 MDR-A<br>ESRS-E1-2<br>ESRS-E1-3<br>-------------------<br>ESRS-E2-E5<br>ESRS-S1-S4<br>ESRS-G1 MDR-A<br>ESRS-E3 MDR-A<br>ESRS-E4 MDR-A<br>ESRS-E5 MDR-A |
| **ii.Oiriúnuithe ar bheartais agus ar nósanna imeachta maidir le** | Beartais agus coinníollacha | *Beartais agus na coinníollacha lena* | | # Ráta glactha beartais, e.g. céatadán na | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1 | ESRS-E1-1_16b<br>ESRS-E1-2 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **catagóirí riosca airgeadais agus ar bheartais agus coinníollacha iasachtaithe agus infheistíochta maidir le príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha, earnálacha agus suíomhanna.** | maidir le gníomhaíochtaí, earnálacha, suíomhanna: | *rialaítear iad, lena n-áirítear nuashonruithe ar bheartais atá ann cheana agus beartais nuachruthaithe, i gcomhréir le mír 46(b-c).* | # Liosta de bheartais reatha agus de stádas riosca bunaidh ESG<br># Treochlár ina sonraítear na beartais agus na coinníollacha, agus a raon feidhme, a nuashonrófar nó a chruthófar, conas, cathain agus cé a dhéanfar amhlaidh<br># I gcás gach beartais, féadfar na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:<br>. Sprioc: conas a léirítear an cuspóir straitéiseach, an straitéis riosca agus conas a thacaítear le cur chun feidhme an phlean<br>. Raon feidhme: atriall beacht gnó, suímh, earnála etc. a rialaítear agus a bhfuil tionchar acu air<br>. Coinníollacha: critéir shoiléire lena n-áirithítear éascaíocht infheidhmeachta agus rianaithe<br>. Eisiaimh: aon eisiamh i gcomhréir le hinghlacthacht riosca | mbrainsí nó na ranna a ghlac beartais nua maidir le rioscaí ESG<br><br># Líon na n-uaireanta a ndéantar beartais riosca ESG a athbhreithniú agus a nuashonrú laistigh de thréimhse ar leith<br><br># Céatadán na n-oibríochtaí i gcomhréir le beartais riosca nuashonraithe ESG<br><br># Torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha dírithe ar chreat bainistithe riosca ESG | (d) (o)<br>Tábla 2<br>(c) (e)<br>Tábla 3<br>(c) (d) | ESRS-E1-3<br><br>Gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh: ESRS E4.IRO-1_19a |
| | Beartais agus nósanna imeachta maidir le catagóirí riosca airgeadais: | *Baineann sé seo leis na hoiriúnuithe a dhéantar ar bheartais agus ar nósanna imeachta de réir roinn 5.6.* | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **iii.Athruithe tugtha isteach ar mheascán agus ar phraghsáil na seirbhísí agus táirgí chun tacú le cur chun feidhme an phlean.** | Meascán agus praghsáil de sheirbhísí agus táirgí: | *Baineann sé seo leis an gcaoi a ndéanfaidh an institiúid a meascán seirbhísí agus táirgí agus a bpraghsáil a oiriúnú bunaithe ar chritéir a bhaineann le riosca ESG agus ar straitéis riosca agus ar bheartas caipitil inmheánach na hinstitiúide, i gcomhréir le mír 46b.* | # Praghsáil bunaithe ar riosca: praghsáil a choigeartú bunaithe ar phróifíl riosca ESG an iasachtaí nó an tionscadail<br># Dreasachtaí le haghaidh maolú riosca: dreasachtaí a thairiscint do chliaint a chuireann straitéisí éifeachtacha maolaithe riosca ESG chun feidhme | # Minicíocht agus méid na gcoigeartuithe praghsála bunaithe ar phróifílí riosca ESG<br># Líon na gcliant a bhaineann leas as praghsáil dreasachta | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(r)<br>Tábla 2<br>(j)<br>Tábla 3<br>(d) | Gníomhaíochtaí nach bhfuil ag luí leis an aistriú:<br>ESRS-E1.IRO-1 AR12 |
| **iv.Infheistíochtaí agus leithdháileadh punainne straitéiseach a thacaíonn le straitéis ghnó agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide i ndáil le rioscaí ESG, lena n-áirítear faisnéis faoi tháirgí agus seirbhísí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus a bhaineann le haistriú, agus faoin gcaoi a bhfuil nósanna imeachta bainistithe riosca comhchuimseach ag gabháil le haon athruithe ar roghanna maoinithe straitéisigh.** | Táirgí agus seirbhísí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus a bhaineann leis an aistriú: | *Na cineálacha ionstraimí airgeadais (iasachtaí glasa agus iasachtaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, bannaí, morgáistí, cistí...) agus seirbhísí comhairleacha arna dtairiscint nó arna mbainistiú ag an institiúid.* | # Straitéis, beartais agus critéir maidir le morgáistí, iasachtaí agus bannaí glasa nó aistrithe nó morgáistí, iasachtaí agus bannaí atá nasctha le ESG | # Fás ar mhaoiniú inbhuanaithe: fás bliain go bliain ar mhéid agus ar chion an mhaoinithe inbhuanaithe<br># Ráta mainneachtana ar mhorgáistí nó ar iasachtaí glasa nó ar mhorgáistí nó iasachtaí atá nasctha leis an aistriú nó le ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(m) (r)<br>Tábla 2<br>(e)<br><br>Cainníochtúil:<br>Teimpléid 06>10 | ESRS-E1-3<br>ESRS-E4-1 AR 1 e<br><br>Torthaí do na pobail lena mbaineann:<br>ESRS-S3-4 AR 34 b |
| | Comhsheasmhacht na roghanna maoinithe straitéisigh le nósanna imeachta bainistithe riosca: | *Baineann sé seo leis an gcaoi a gcinnteoidh an institiúid, nuair a chinnfidh sí a meascán gnó agus a straitéis a oiriúnú, go mbeidh na hathruithe sin oiriúnach do na socruithe bainistíochta riosca a* | # Éagsúlú punanna iasachtaithe agus infheistíochtaí bunaithe ar chritéir ESG a bhaineann le riosca, e.g. i dtéarmaí earnálacha eacnamaíocha nó limistéar geografach | # Cion na dtionscadal nua maoinithe a ndéantar measúnú riosca cuimsitheach ESG orthu<br># Céatadán na gcinntí creidmheasa ina ndéantar breithniú sainráite ar rioscaí ESG | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | *bheidh i bhfeidhm de réir roinn 5.* | # Beartais riosca creidmheasa maidir le hiasachtaí glasa agus morgáistí glasa<br># An chaoi a n-áirithíonn institiúid a mhaoiníonn tionscadail fuinnimh in-athnuaite go gcomhlíonann na tionscadail rialacháin chomhshaoil chun rioscaí dlíthiúla agus clú a sheachaint | # Corrlaigh bhrabúis ar tháirgí a bhaineann le ESG: comparáid idir corrlaigh bhrabúis idir táirgí a bhaineann le ESG agus táirgí traidisiúnta | | |
| **e. Straitéis rannpháirtíochta** | | | | | | |
| **i.Beartais chun páirt a thabhairt do chontrapháirtithe, lena n-áirítear faisnéis maidir le minicíocht, raon feidhme agus cuspóirí rannpháirtíochta, cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus próisis nó critéir ghéaraithe.** | Beartais rannpháirtíochta: | *Beartais shoiléire a leanfaidh an institiúid chun contrapháirtithe sainaitheanta a fhostú chun a cuspóirí straitéiseacha agus bainistithe riosca a bhaint amach, agus torthaí an mheasúnaithe ábharthachta agus na modhanna tomhais riosca á gcur san áireamh, i gcomhréir le mír 46a.* | # Críoch agus cuspóir foriomlán e.g. tuiscint ar phróifíl riosca agus/nó comhsheasmhacht le hinghlacthacht riosca agus spriocanna a sheiceáil<br># Réitigh atá ar fáil don chontrapháirtí<br># Próiseas géaraithe agus bailíochtaithe | # Céatadán na gcontrapháirtithe ar saothraíodh an t-idirphlé leo nó a bhfuil sé beartaithe amhlaidh a shaothrú<br># Céatadán na gcontrapháirtithe a ndearnadh measúnú ar rioscaí ESG ina leith<br># Cion na n-earnálacha, na dtáirgí agus na línte gnó a gabhadh | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(d) (o)<br>Tábla 2<br>(c)<br>Tábla 3<br>(b) (c) | ESRS 2-SBM 2 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ii.Próisis, modheolaíochtaí agus méadrachtaí a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú agus a mheasúnú a bhaineann le neamhchosaint na gcontrapháirtithe ar rioscaí ESG agus ailíniú i dtreo chuspóirí agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.** | Próiseas, modhanna agus méadrachtaí chun rioscaí ESG a mheasúnú: | *Baineann sé seo le cur i bhfeidhm na hinstitiúide de mhodhanna ailínithe punainne bunaithe ar nochtadh, bunaithe ar earnáil, bunaithe ar phunann i gcomhréir le roinn 4.2.3.* | # Scagadh maidir le dícheall cuí chun contrapháirtithe ardriosca a shainaithint bunaithe ar chritéir réamhshainithe<br># Rioscaí ESG a léirítear i scóir agus/nó rátálacha inmheánacha nó seachtracha<br># Modhanna chun ailíniú contrapháirtithe roghnaithe i gcoinne conairí aeráide a thomhas | # Céatadán na gcontrapháirtithe a bhfuil faoi dhícheall cuí riosca ESG<br># Athruithe ar rátálacha creidmheasa contrapháirtithe a bhfuil tionchar rioscaí ESG ag baint leo<br># Comhchruinniú neamhchosaintí laistigh d'earnálacha sonracha atá faoi réir rioscaí aistrithe ardaithe nó rioscaí fisiceacha<br># Rannpháirtíocht i gconspóidí nó i dteagmhais maidir le ESG | Cáilíochtúil:<br>Tábla 1<br>(k) (l)<br>Tábla 2<br>(i) (k) | ESRS-E1.IRO-1<br><br>ESRS-E4-1.AR-1a |
| **iii.Torthaí na gcleachtas rannpháirtíochta, lena n-áirítear forbhreathnú ar inoiriúnaitheacht agus ar athléimneacht contrapháirtithe i leith an aistrithe i dtreo geilleagair níos inbhuanaithe.** | Torthaí: | *Baineann sé seo le torthaí na rannpháirtíochta, rud a fhágann gur féidir léirmhíniú fóinteach a dhéanamh ar phróifíl riosca na gcontrapháirtithe agus na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an institiúid, i gcomhréir le mír 81e(ii).* | # Critéir a úsáidtear chun contrapháirtithe a bhfuil rioscaí suntasacha ESG ag baint leo a shainaithint a bhféadfadh aird láithreach a bheith ag teastáil ina leith<br># Téarmaí creidmheasa a choigeartú, amhail rátaí úis nó ceanglais chomhthaobhachta, bunaithe ar | # Measúnuithe dearfacha (nó aon fho-aicmiú laistigh den chatagóir sin) nó diúltacha (nó aon fho-aicmiú laistigh den chatagóir sin) ar athléimneacht agus ailíniú na gcontrapháirtithe sin i gcoinne spriocanna agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide | Cáilíochtúil<br>Tábla 1<br>(o)<br>Tábla 2<br>(m)<br>Tábla 3<br>(c) (d) | ESRS-E1<br>ESRS 2 -SBM-2_45a AR 16 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | mheasúnuithe riosca ESG<br># Dícheall cuí feabhsaithe, e.g. próisis díchill chuí níos déine a chur chun feidhme le haghaidh contrapháirtithe ardriosca<br># Rannpháirtíocht spriocdhírithe (bhreise), e.g. pleananna rannpháirtíochta sonracha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta ESG, amhail spriocanna feabhsúcháin a leagan síos nó táirgí airgeadais nua a thairiscint a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcontrapháirtithe | # Líon agus cineálacha na ngníomhaíochtaí leantacha a rinne an institiúid | | |